# Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

## Tuarascáil Bhliantúil 2011



## GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

bunaíodh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (GNÉ) le hAcht Parlaiminte i 1854 agus rinneadh é a oscailt don phobal i 1864. Tá os cionn 14,600 mír ann, ina gcuimsítear os cionn 2,630 olaphictiúr agus thart ar 11,000 saothair sna meáin éagsúla lena n-áirítear uiscedhathanna, líníochtaí, priontaí agus dealbhóireacht. Baineann na saothair leis an gceathrú haois déag go dtí an lá inniú agus léiríonn siad go leathan forbairt mhórscoileanna péinteála na hEorpa: na Breataine, Dúitseach, na Fraince, na Gearmáine, na hIodáile, na Spáinne agus na hÍsiltíre, agus comhlánaithe ag bailiúchán cuimsitheach d'ealaíon na hÉireann. Ó 1884, tá an GNÉ baile chun an Bailiúchán Náisiúnta Portráidí. Chun freastal ar na breiseanna tá an GNÉ a fhairsingiú thar na blianta, i 1903, I 1968 agus i 2002. Tá athchóiriú mór ar na sciathán Dargan agus Milltown faoi láthair agus tá sé sceidealta le bheith críochnaithe I 2015. Tá síneadh breise ar an Gailearaí beartaithe sna blianta amach romhainn.

## RÁITEAS MISIN

Is é cuspóir Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann an bailiúchán náisiúnta a thaispeáint, a chaomhnú, a bhainistiú, a léirmhíniú agus a fhorbairt; taitneamh agus tuiscint ar na hamharcealaíona a fheabhsú agus saol cultúrtha, ealaíonta agus inleactúil ghlúinte an lae inniú agus amach anseo a shaibhriú.

National Gallery of IRELAND

www.nationalgallery.ie



# Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

# Tuarascáil Bhliantúil 2011



# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí | 4 |
| Réamhfhocal | 5 |
| Achoimre Fheidhmiúcháin | 7 |
| Rannóg na mBailiúchán | |
| Sealbhuithe | 12 |
| Taispeántais | 14 |
| Iasachtaí1 | 16 |
| Caomhnú | 18 |
| Leabharlann, Cartlanna & na Meáin Dhigiteacha | 29 |
| Oideachas | 35 |
| Forbairt | 41 |
| Cairde | 42 |
| Foilseacháin & Miondíol | 45 |
| Leabhair & Ailt foilsithe ag Foireann an Ghailearaí | 47 |
| Comhdhálacha & Léachtaí | 48 |
| Foireann | 51 |
| Pátrúin de chuid Ealaín na hÉireann | 52 |
| Comhaltaí Corparáideacha | 52 |
| Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2011 | 53 |


John Lavery (1856–1941)
*Return from Market*, 1884
GNÉ.2011.11

# Bord Na nGobharnóirí Agus Na gCaomhnóirí

CEAPTHA AG AN AIRE EALAÍON, OIDHREACHTA AGUS GAELTACHTA
An Dr Olive Braiden (*Cathaoirleach* ó Bhealtaine 2011)
An Dr Abdul Bulbulia (*Cathaoirleach* go Aibreán 2011)
An tUas Michael Cush SC
An tUas Dermod Dwyer
An tUas Jackie Gallagher
An tUas Fred Krehbiel
An Dr Tom McCarthy
An tUas John Mulcahy
An Dr Paul O'Brien
Kathleen Watkins Uasal

AINMNITHE AG AN ACADAMH IBERNACH RÍOGA (RHA)
**An tUas Des McMahon PRHA**
**An tUas Martin Gale RHA**
**An tUas James Hanley RHA**

DE BHRÍ OIFIGE
*Cathaoirleach, Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)*
Clare McGrath Uasal

*Uachtarán, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS)*
An tUas Fonsie Mealy

*Leas-Uachtarán, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS)*
An tUas Mathew Dempsey

*Uachtarán, Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA)*
An tOllamh Luke O'Connor Drury

# Réamhfhocal

In 2011 ba léir go raibh tionchar ag céimeanna tosaigh an Mháistirphlean Forbartha (MPF) ar gach réimse d'oibríochtaí GNÉ nuair a tugadh faoi athchóiriú na sciathán stairiúil i gCearnóg Mhuirfean. Tá gach iarracht á dhéanamh, áfach, a chinntiú go gcothaítear ardchaighdeán na seirbhísí don phobal i rith an tionscadail. Is mian leis an mBord aitheantas a thabhairt do ról an Stiúrthóra agus na foirne ar fad sna héachtaí seo.

I rith na bliana chonacthas an chéim deiridh de thionacht Raymond Keaveney mar Stiúrthóir Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Chaith Raymond tríocha trí bliain i mbun oibre don Ghailearaí agus é ag feidhmiú mar Stiúrthóir dá chuid ar feadh trí bliana is fiche. Bhí sé i gceannas ar fhorbairt an Ghailearaí le linn roinnt mhaith tionscadal athchóirithe lena n-áirítear Sciatháin Dargan agus Beit sna 1990aidí, Sciathán na Mílaoise in 2002 agus ar bhonn níos déanaí, cumrú agus pleanáil an MPF. Tá rian a chuid oibre le feiceáil ar fud an Ghailearaí le tionchar suntasach aige ar riocht an bhailiúcháin bhuain, bailiúchán lenar chur sé go leor saothar tábhachtach, a bhfuil eolas faoi sa taispeántas dar teideal *Taking Stock 2000-2010 a bhí ar siúl le déanaí.* Aithníonn an Bord iliomad éachtaí Raymond le blianta beaga anuas agus na tionscnaimh fhadbhreathnaitheacha agus an cur chuige léannta dá chuid i ndáil leis an mbailiúchán. Gabhaimid buíochas leis agus guímid gach sonas agus rath air sna blianta amach roimhe.

I mí na Nollag, d'fhógair an Bord go raibh ceapachán Sean Rainbird mar Stiúrthóir nua Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Roimhe seo bhí an tUas. Rainbird ina Stiúrthóir ar Staatsgalerie Stuttgart (ó 2006) agus Coimeádaí/Coimeádaí Sinsearach na hEalaíne Nua-aimseartha agus Comhaimseartha i nGailearaí Tate, Londain. Tabharfaidh sé faoina phost nua i mí Aibreáin 2012.

Leanann an Bord ag díriú ar Rialachas Corparáideach mar chomhchuid lárnach in oibríochtaí an Ghailearaí. Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht ghéar ar ghnóthaí inmheánacha, go háirithe monatóireacht ar thuarascálacha rialta curtha i dtoll a chéile ag iniúchóir inmheánach an Ghailearaí. Áirítear go foirmiúil freagrachtaí an Bhoird mar chuid de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite faoi iamh.

I mí an Mhárta, d'fhág an Bord slán leis an Ollamh Nicholas Canny, leis an Ollamh Luke O'Connor Drury PRIA ag teacht ina áit. Cheap an tAire Ealaíon, Jimmy Deenihan TD, beirt chomhalta nua i gcaitheamh na bliana, Michael Cush SC, agus Fred Krehbiel.

Ba mhaith leis an mBord buíochas a ghabháil leis an Aire Ealaíon agus a Roinn as a gcuid tacaíochta don Ghailearaí sna cúinsí geilleagracha deacra seo. Táimid go mór faoi chomaoin ag Oifig na nOibreacha Poiblí, agus an iliomad cuideachtaí corparáideacha, gníomhaireachtaí rialtais, ambasáidí agus institiúidí atá tar éis tacaíocht flaithiúil a thabhairt do thionscadail an Ghailearaí i gcaitheamh na bliana. Is mian linn aitheantas a thabhairt freisin do Phátrúin agus do Cathaoirleachde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Boird, atá tiomanta d'fheabhsú agus rath an Ghailearaí a chinntiú, agus iad i mbun a róil mar Ghobharnóirí agus Caomhnóirí.

An Dr Oliver Braiden
*Cathaoirleach*



# Achoimre Fheidhmiúcháin

Bliain dhúshlánach ar bhealaí go leor a bhí ann do GNÉ, bliain ina raibh béim á leagan ar réamhobair a dhéanamh roimh thús a chur le Céim 1 den MPF.

I mí Feabhra, dúnadh an bealach isteach don phobal i gCearnóg Mhuirfean d'fhonn deis a thabhairt d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) agus Ailtirí Heneghan Peng tús a chur le hobair deisiúcháin ar dhíon Sciathán Dargan agus Milltown. Cuireadh an príomhbhealach isteach ag Cearnóg Mhuirfean faoi chúram na dtógálaithe ar 7 Márta, agus treoraíodh do chuairteoirí rochtain a fháil ar an nGailearaí trí Sciathán na Mílaoise ag Sráid an Chláraigh. Bhí bogadh na mbailiúchán i ngailearaithe íochtair Sciatháin Milltown críochnaithe i mí na Bealtaine. I mí Iúil, ghlac an Gailearaí seilbh, ar bhonn sealadach, ar an mbialann uachtarach ar leibhéal 1 de Sciathán na Mílaoise, ar mhaithe le píosaí roghnaithe ón mbailiúchán dealbhóireachta a stóráil. I mí Mheán Fómhair, crochadh scafall ag cúinne an oirdheiscirt agus os comhair Sciatháin Dargan d'fhonn deisiú agus athsholáthar an dín ghlónraithe a éascú. Cruthaíodh rannóg speisialta faoin tionscadal athchóirithe ar láithreán gréasáin GNÉ ionas go mbeadh an t-eolas is déanaí faoin bhforbairt ar fáil do chuairteoirí, agus cruthaíodh pleananna nua urláir agus rinneadh iad a nuashonrú agus a sholáthar ar líne i rith na bliana d'fhonn léargas a thabhairt ar thaispeántas rothlach an bhailiúcháin i rith an tionscadail athchóirithe. Tá sé beartaithe taispeántas ag soláthar eolais faoin MPF a oscailt in 2012.

### BAILIÚCHÁIN

Rinneadh roinnt tionscnamh bunaithe ar an MPF i rith na bliana, d'fhonn a chinntiú go mbeadh rochtain ag an bpobal ar na bailiúcháin agus ar chláir choimhdeacha. Fad is a bhí na hullmhúcháin chun an bailiúchán a chrochadh arís á mbainistiú ag na coimeádaithe, osclaíodh taispeántas sealadach de phríomhshaothair an bhailiúcháin (Caravaggio, Rembrandt, Poussin, Vermeer, Van Gogh, Picasso, Goya, Velázquez) i Sciathán Beit (seomra 6) i mí Eanáir. Faoi mhí Bhealtaine, bhí cur i láthair cuimsitheach, '*Masterpieces from the Collection*', feistithe i ngailearaithe íochtair Sciathán Beit agus na Mílaoise. Cuireadh leis an taispeántas níos déanaí sa bhliain tráth ar áiríodh samplaí d'Íocóin Bhiosántacha agus Rúiseacha ó Bhailiúchán Allen ann freisin; rogha de chré-umha Florentine agus airgead Eorpach ó Thabhartas Milltown; agus suiteáladh ceithre phictiúr de chuid Bernardo Bellotto (radhairc de Dresden agus Florence), a bhfuil dhá phictiúr díobh ar iasacht ó Russborough, a bhuíochas sin le Fondúireacht Alfred Beit. Ó tharla Gailearaí na bPriontaí a bheith dúnta go sealadach i rith Chéim 1 den MPF, d'athraigh GNÉ seomra 1 i Sciathán na Mílaoise íochtair go spás taispeántais Priontaí agus Líníochtaí d'fhonn spás a chruthú do thaispeántais théamacha ó bhailiúchán na saothar ar pháipéar. Tá GNÉ tiomanta a chinntiú go mbeidh rochtain leanúnach ag cuairteoirí ar an mbailiúchán, a chláir agus seirbhísí taighde fad a bheidh an obair athchóirithe ar siúl.

Bhí impleacht shuntasach ag toirmeasc an rialtais ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí agus leibhéil foirne ar sheirbhísí GNÉ in 2011. Is sna seirbhísí fáilteachais

Gabriel Metsu (1629–1667)
*Woman Reading a Letter*, 1664–5
GNÉ.4537

a tugadh na himpleachtaí seo faoi deara den chuid is mó, ar 30 Meán Fómhair d'fhág 14 chomhalta foirne a raibh conarthaí sainchuspóra MPF acu, rud a bhí mar bhonn le méadú na hacmhainne spártha i gcothabháil na seomraí agus rud ba chionsiocair le Músaem Yeats a dhúnadh. In ainneoin go raibh sé riachtanach go leor d'ábhar Yeats a bhogadh le haghaidh stórála, suiteáladh rogha bheag pictiúr de chuid Jack B. Yeats i ngailearaithe íoCathaoirleach Sciatháin na Mílaoise. Tá sé beartaithe go mbeidh taispeántas níos cuimsithí de bhailiúchán Yeats ar taispeáint in 2012.

In ainneoin srian suntasach a bheith ar acmhainn GNÉ saothair ealaíne a fháil don bhailiúchán in 2011, d'éirigh leis an nGailearaí roinnt príomhshaothar a fháil, ina measc sin *Return to Market* de chuid an Tiarna John Lavery (1884) agus *Patriotic Airs* de chuid Jack B. Yeats (1923).

Ceapadh Fionnuala Croke, Coimeádaí agus Ceannaire Bailiúchán, mar Stiúrthóir ar Leabharlann Chester Beatty, áit inar ghlac sí lena post nua i mí an Mhárta 2011. I gcaitheamh a 23 bliana ag obair i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann, bhí roinnt post ríthábhachtach ina seilbh ag Fionnuala, lena n-áirítear Coimeádaí Sinsearach agus Ceannaire na dTaispeántas. Guímid gach rath uirthi ina post nua.

## TAISPEÁNTAIS

Ceann de bhuaicphointí chlár taispeántais ar chamchuairt 2011 an Ghailearaí ba ea an taispeántas, *Gabriel Metsu*, a d'eagraigh GNÉ i gcomhar leis an Rijksmuseum in Amstardam agus an Gailearaí Náisiúnta Ealaíne i Washington. Mealladh os cionn 190,000 duine chuig an taispeántas sa Rijksmuseum agus 80,000 san NGA, Washington. Caomhnú agus cúram uiscedhathanna ba ea príomhthéama thaispeántas Turner in 2011, taispeántas ina raibh an caibinéad bunaidh inar bronnadh uiscedhathanna Thiomnacht Vaughan ar an nGailearaí in 1900. Tá cur síos ar chlár iomlán de thaispeántais 2011 le fáil sa tuarascáil seo.

## CAOMHNÚ

Lean an Roinn Caomhnaithe ag obair ar Thionscadal Caomhnaithe Maclise, le tacaíocht ó Bank of America Merrill Lynch (BAML). Táthar i mbun suirbhéanna teicniúla ar an gcanbhás (GNÉ 205) le cabhair eolaithe caomhnaithe ó MOLAB (Ollscoil Perugia agus Ionad Taighde agus Caomhnaithe, Músaeim na Fraince, Palais du Louvre). Leanfar leis an tionscadal seo go dtí 2013. I mí Mheán Fómhair, thug an tAire Ealaíon, Jimmy Deenihan TD, cuairt ar an Stiúideo Caomhnaithe d'fhonn súil a chaitheamh ar an obair atá ar bun agus sheol sé Acmhainn Ar Líne Maclise, a thugann deis do chuairteoirí a thugann cuairt ar láithreán gréasáin GNÉ súil a choinneáil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le caomhnú an phictiúir. Mórthionscadal eile faoi chúram na Rannóige Caomhnaithe ba ea tosú ar athchóiriú na sraithe *The Prodigal Son* le Bartolomé Esteban Murillo, a bhfuil tionscadal CHARISMA AE ag tacú leis. Faoi dheireadh na bliana, bhí oibríochtaí stiúideo na roinne bogtha ó Sciathán Dargan chuig áiseanna sealadacha stiúideo i Sciathán na Mílaoise uachtair. Cuirfear pleananna chun rannóga eile den roinn a athlonnú, Caomhnú Páipéir agus Grianghrafadóireacht ach go háirithe, i bhfeidhm de réir a chéile in 2012.

## LEABHARLANN & CARTLANNA

Cailleadh an Tiarna Denis Mahon, ceann de thabharthóirí is flaithiúla GNÉ le blianta beaga anuas, ar 24 Aibreán 2011. Ar cheann de na míreanna ba dhéanaí a thug sé do GNÉ in 2010 bhí a leabharlann scolártha d'imleabhair thearca agus ársa agus a chartlann phearsanta, a bheidh ar fáil do thaighdeoirí amach

**Os coinne:**
Caomhnú Daniel Maclise (1806–1870), *The Marriage of Strongbow and Aoife*, 1854, ag baint úsáide as próiseas inchúlaithe de uiscedhath retouching



anseo. Mar aitheantas ar fhlaithiúlacht agus ar scoláireacht an Tiarna Denis, d'ullmhaigh GNÉ taispeántas d'ábhar roghnaithe óna chartlann, *The Gift of Knowledge: Enriching the Library and Archive Collections,* ar bhí ar taispeáint i nGailearaí na bPriontaí idir Deireadh Fómhair agus Nollaig.

## GRADAIM

I mí Eanáir, bhuaigh GNÉ an gradam don 'Músaem agus Féilire Gailearaí is Fearr' ag Gradaim Náisiúnta an Fhéilire Gnó 2011, a reáchtáladh ag Halla Stationers i Londain. Is é seo an dara huair as a chéile do Rannóg Foilseachán & Miondíola an Ghailearaí an gradam seo a bhuachan agus an ceathrú gradam atá buaite le 10 mbliana anuas. Bhronn an tAire Ealaíon, Jimmy Deenihan TD, teastas 'Cothabhála Creidiúnaithe' ar GNÉ faoi gClár um Chaighdeáin Mhúsaeim na hÉireann/MSPI ag Coláiste Ríoga na Lianna ar 28 Meitheamh. Chomh maith leis sin, bronnadh 'Gradam Spider eircom' ar GNÉ dá láithreán gréasáin ag an searmanas bronnta gradam san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath, ar 10 Samhain.

## CUAIRTEOIRÍ

Bhí líon na gcuairteoirí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 cothrom le 624,412, ag léiriú laghdú 15% ar fhigiúirí 2010 (736,855). Baineann an laghdú suntasach seo leis an ullmhúchán a bhí le déanamh don MPF, bogadh na mbailiúchán sna sciatháin stairiúla agus dúnadh an bhealaigh isteach ag Cearnóg Mhuirfean Thiar. Táthar ag súil go mbeidh figiúirí 2012 níos cosúla le figiúirí 2010 agus tá sé beartaithe cur i láthair feabhsaithe faoin mbailiúchán agus clár poiblí níos fairsinge a fhorbairt.

**Os coinne:**
Norah McGuinness (1901–1980)
*Portrait of Michael Scott* (1905–1989), Architect, 1964
GNÉ.2011.1


N M'GUINNESS 64

# Rannóg na mBailiúchán

# Sealbhuithe 2011

**Frank Brangwyn** (1867-1956)
Scoil na Breataine
*Old Houses, St. Cirq*, 1910
Eitseáil agus meán-imir le ton dromchla ar pháipéar
Bileog: 45.6 x 35.2cm. Pláta: 36.8 x 28cm
Bronnta
GNÉ.2011.7

**John Faulkner** (1835-1894)
Scoil na hÉireann
*Inniskea Isle, Achill*
Uiscedhath agus graifít ar pháipéar. Bileog: 47.7 x 81.2cm
Bronnta
GNÉ.2011.6

**Robert Charles Goff** (1837-1922)
Scoil na hÉireann
*Shipbuilding at Viareggio, Tuscany*, go luath sna 1900aidí
Eitseáil ar pháipéar. Íomhá: 15 x 19.9cm. Bileog: 19 x 23.5cm
Bronnta
GNÉ.2011.8

**John Lavery** (1856-1941)
Scoil na hÉireann
*Return from Market*, 1884
Ola ar chanbhás, 117 x 61cm
Bronnta, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní
GNÉ.2011.11

**Norah McGuinness** (1901-1980)
Scoil na hÉireann
*Portrait of Michael Scott (1905-1989), Architect*, 1964
Ola ar chanbhás, 60 x 45cm
Bronnta, i gcuimhne Katherine Brady, bean tí an té úd
GNÉ.2011.1

**Elizabeth Rivers (1903-1964)**
Scoil na Breataine
*Singing Stars*, 1959
Greanadh adhmaid ar pháipéar, 18.5 x 12cm
Presented, Penny Salholm
GNÉ.2011.9

**Elizabeth Rivers (1903-1964)**
Scoil na Breataine
*Star in the East*, c.1960
Greanadh adhmaid ar pháipéar, 18 x 12cm
Presented, Penny Salholm
GNÉ.2011.10

**Leo Whelan (1892-1956)**
Scoil na hÉireann
*Midday Meal*, 1930
Ola ar chanbhás, 83 x 91cm
Bronnta
GNÉ.2011.12

**Jack B. Yeats (1871-1957)**
Scoil na hÉireann
*Patriotic Airs*, 1923
Ola ar chanbhás, 35.5 x 46cm
Bronnta
GNÉ.2011.13

# Taispeántais

### *Colour and Light: Caring for Turner's Watercolours*

**Gailearaí na bPriontaí**

**1-31 EanáirSaorchead Isteach**

San áireamh i gcur i láthair 2011 de bhailiúchán ársa uiscedhathanna le Joseph Mallord William Turner (1775-1851) de chuid GNÉ bhí súil á chaitheamh ar an gcúlra a bhain lena gcúram roimh agus i ndiaidh glacadh leo mar chuid de bhailiúchán GNÉ. San áireamh ann bhí eolas faoi mhodhanna caomhnaithe ó ré na Victeoiriach go dtí an tréimhse chomhaimseartha, agus déileáladh le pointí éagsúla dála líocha, tréigean agus leibhéil lucsa. Bhí fíorthuiscint ag Henry Vaughan, an bailitheoir Sasanach a thug an bailiúchán le huacht do GNÉ i 1900, ar a leochailí agus ar a solas-íogaire is atá uiscedhathanna. Chuige seo, d'ordaigh sé nach raibh na huiscedhathanna le taispeáint ach amháin i mí Eanáir, nuair a bhí leibhéil sholas an lae ag an leibhéal is ísle. Leanann GNÉ na coinníollacha seo i gcónaí agus ní bhíonn na huiscedhathanna lonracha seo ar taispeáint ach ar feadh mí amháin. Ba é scríbhinní John Ruskin a bhí mar inspioráid ag Vaughan, agus bhí caibinéad speisialta déanta aige chun na saothair a stóráil ann. Gné speisialta den taispeántas ba ea an caibinéad uathúil seo, a raibh an 31 uiscedhath ar taispeáint ann. Ag cur leis an taispeántas seo bhí rogha scáthchruthanna agus miondealbha ó Thiomnacht Mary A. McNeill

*Coimeádta ag Anne Hodge i gcomhar le Rannóg Caomhnaithe GNÉ*

### *Masterpieces from the Collection*

*(Taispeántas buan le linn clár athchóirithe GNÉ)*

**Sciathán Beit & Sciathán na Mílaoise (seomraí 1-10). Saorchead Isteach**

Crochadh buaicshaothair de bhailiúchán an Ghailearaí sna gailearaithe íochtair mar chuid de chur i láthair speisialta, *Masterpieces from the Collection*, ina raibh rogha de phictiúir agus de dhealbhóireacht Eorpach agus Éireannach ó thráth na hAthbheochana luath go dtí an fichiú haois. Chomh maith leis sin, tá máistirshaothair ó shealúchas fairsing Priontaí agus Líníochtaí an Ghailearaí ar taispeáint, agus beidh siad ar taispeáint ar bhonn rothlach gach cúpla mí chun deis a thabhairt do chuairteoirí rochtain a fháil ar níos mó den bhailiúchán seo.

*Saothair arna roghnú ag Coimeádaithe GNÉ*

### *Mí Feasachta Cartlainne*

**Sciathán na Mílaoise & Sciathán Beit**

1-30 Meán Fómhair. Saorchead Isteach

I mí Mheán Fómhair, d'fhonn aird a tharraingt ar an Mí Feasachta Cartlainne, bhí taispeántas speisialta d'ábhar ó Chartlann Yeats agus ón Lárionad um Staidéar ar Ealaín na hÉireann ar taispeáint i Músaem Yeats agus i Seomraí na hÉireann i Sciathán na Mílaoise.

*Coimeádta ag Donal Maguire agus Pauline Swords*

### *Dublin Contemporary 2011: Terrible Beauty – Art, Crisis, Change & The Office of Non-Compliance*

Sciathán Milltown (seomraí 14-19)

9 Meán Fómhair – 31 Deireadh Fómhair. Saorchead Isteach

Ba é GNÉ ceann de na hionaid chomhpháirtithe don taispeántas idirnáisiúnta seo d'ealaín chomhaimseartha. I measc na saothar a bhí ar taispeáint bhí saothar roinnt pearsan idirnáisiúnta mar aon le coimisiún nua leis an ealaíontóir clúiteach de bhunadh na hÉireann, Brian O'Doherty.

*Coimeádta ag Jota Castro agus Christian Viveros-Fauné le haghaidh DC2011*

### *The Gift of Knowledge: Enriching the Library and Archive Collections*

Gailearaí na bPriontaí
17 Deireadh Fómhair – 15 Nollaig 2011. Saorchead Isteach

Eagraíodh taispeántas de mhíreanna roghnaithe as líon mór ábhar as leabharlann agus cartlann phearsanta an Tiarna Denis Mahon, nach maireann, mar cheiliúradh ar an mbronntanas a thug an Tiarna Denis do Leabharlann agus Cartlanna GNÉ in 2010. San áireamh sa taispeántas seo bhí go leor dá imleabhair thearca agus ársa a bhain leis an 16ú haois anuas go dtí an lá inniu ann. Cuireadh leis le taispeántas d'ábhar bronnta ar an Lárionad um Staidéar ar Ealaín na hÉireann agus ar Chartlann Yeats.

*Coimeádta ag Andrea Lydon, Donal Maguire, Catherine Sheridan agus Pauline Swords.*

### *Fables and Fairy Tales – Illustrations from the Collection*

Sciathán na Mílaoise (seomra 1)
19 Nollaig 2011–25 Márta 2012. Saorchead Isteach

Deis a bhí sa chur i láthair seo i Sciathán na Mílaoise íochtair léargas a thabhairt ar bhailiúchán fairsing priontaí agus líníochtaí an Ghailearaí, lena n-áirítear léaráidí le haghaidh síscéalta, dánta agus scéalta le John Butler Yeats, Richard agus Charles Doyle, Paul Henry agus Harry Clarke. Deis a bhí ann raon saothar a thabhairt le chéile, lena n-áirítear réamhsceitsí agus píosaí daite críochnaithe ó na 1870aidí anuas go dtí na 1920aidí, tréimhse órga na léaráidí i leabhair do pháistí.

*Coimeádta ag Niamh MacNally*

## TAISPEÁNTAS AR CHAMCHUAIRT

### *Gabriel Metsu*

*Tar éis a chéad thaispeántas sa GNÉ (4 Meán Fómhair – 5 Nollaig 2010) chuaigh taispeántas Metsu ar chamchuairt chuig na hionaid seo a leanas:*
**Rijksmuseum, Amstardam: 16 Nollaig 2010-21 Márta 2011**
**An Gailearaí Náisiúnta Ealaíne, Washington: 17 Aibreán – 24 Iúil 2011**

*Eagraithe ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann i gcomhar leis an Rijksmuseum, Amstardam, agus leis an nGailearaí Náisiúnta Ealaíne, Washington.*
Eagraíodh an taispeántas seo in onóir an tsárphéintéara Gabriel Metsu (1629–1667). Deis a bhí ann cuid de shaothair is breátha agus is mó cáil an ealaíontóra ó chéimeanna éagsúla a shaoil, a thabhairt le chéile, roinnt saothar a thángthas orthu le déanaí agus roinnt saothar caomhnaithe ina measc freisin. Tréith shuntasach dá shaothar é radhairc bhreátha den ghnáthshaol, tréith a léirigh an meas a bhí aige dá chomhaoisigh, Gerard ter Borch, Gerrit Dou agus Johannes Vermeer ina measc. Is ó bhailiúcháin phríobháideacha agus phoiblí as ar fud an domhain a fuarthas na saothair a bhí ar taispeáint mar aon leis na píosaí atá i seilbh an Ghailearaí, *A Man Writing a Letter* agus *A Woman Reading a Letter*, ceann de shaothair is clúití an ealaíontóra.
*Coimeádta ag an Dr Adriaan Waiboer*

# Loans from the National Gallery of Ireland to Temporary Exhibitions

Leis an taispeántas ***Jack B. Yeats: The Outsider*** ag The Model, Sligeach, 5 Feabhra go 12 Meitheamh 2011

| | | |
|---|---|---|
| L.14740 | Jack B. Yeats | *The Two Travellers*, 1942 |
| GNÉ.941 | Jack B. Yeats | *The Liffey Swim*, 1923 |
| GNÉ.1134 | Jack B. Yeats | *Men of Destiny*, 1946 |

Leis an taispeántas ***Passion in Venice: Images of the Man of Sorrows from Bellini to Tintoretto*** i Músaem na hEalaíne Bíobalta (MOBIA), Nua Eabhrac, 11 Feabhra go 12 Meitheamh 2011

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.1303 | Nicola Zafuri | *The Mystical Sufferings of Christ*, c.1490 |

Leis an taispeántas ***Chardin (1699-1779)*** ag an Museo Nacional del Prado, Maidrid 1 Márta go 29 Bealtaine 2011

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.799 | Jean-Siméon Chardin | *A Still Life: Two Rabbits, a Grey Partridge, Game Bag and a Powder Flask*, 1731 |
| GNÉ.813 | Jean-Siméon Chardin | *The Schoolmistress*, c. 1735 |

Leis an taispeántas ***Not Just Ned: A true history of the Irish in Australia*** ag Ard-Mhúsaem na hAstráile, Canberra 17 Márta go 31 Iúil 2011

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.1209 | Edwin Hayes | *An Emigrant Ship, Dublin Bay, Sunset*, 1853 |
| GNÉ.1771 | William Sadler the Younger | *The Search for Michael Dwyer*, 1803 |
| GNÉ.8244 | John Hogan | *Statuette of Thomas Moore (1799-1852) with a Lyre, Poet* |
| GNÉ.11857 | Joseph Patrick Haverty | *'The Monster Meeting of the 20th September 1843, at Clifden in the Irish Highlands', showing Daniel O'Connell* |

Leis an taispeántas ***Gabriel Metsu 1629-1667*** sa Ghailearaí Náisiúnta Ealaíne, Washington, 10 Aibreán go 24 Iúil 2011

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.4536 | Gabriel Metsu | *Man Writing a Letter,* c.1664-c.1666 |
| GNÉ.4537 | Gabriel Metsu | *Woman Reading a Letter*, c.1664-1666 |

Leis an taispeántas ***Constable and Salisbury: a bicentenary exhibition at the*** i Músaem Salisbury & South Wiltshire, 20 Bealtaine go 25 Meán Fómhair 2011

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.376 | John Constable *Harnham* | *Ridge from Archdeacon Fisher's House, Salisbury* |

Leis an taispeántas ***Communication: Visualizing the Human Connection in the Age of Vermeer*** ag Músaem Cathrach Ealaíne Kyoto, an tSeapáin 25 Meitheamh go 16 Deireadh Fómhair 2011; ag Músaem Ealaíne Miyagi, an tSeapáin, 27 Deireadh Fómhair go 12 Nollaig 2011; ag Músaem Ealaíne Bunkamura, an tSeapáin, 23 Nollaig 2011 go 14 Márta

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.226 | Jan Steen | *The Village School,* c.1665 |
| GNÉ.322 | Pieter de Hooch | *Players at Tric-trac,* c.1652-1655 |
| GNÉ.4535 | Johannes Vermeer | *Woman Writing a Letter, with her Maid,* c.1670 |

Leis an taispeántas ***The Portrait in Renaissance Italy: From Masaccio to Bellini*** ag an Bode-Museum, Beirlín 25 Lúnasa go 20 Samhain 2011

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.2019 | Francesco Bonsignori | *Portrait of Francesco II Gonzaga, 4th Marquese of Mantua, (1466-1519),* c.1495 |

Leis an taispeántas ***Filippino Lippi e Sandro Botticelli nella Fireze del '400*** ag an Scuderie del Quirinale, an Róimh 05 Deireadh Fómhair 2011 go 15 Eanáir 2012

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.470 | Filippino Lippi | *Portrait of a Musician,* late 1480s |

Leis an taispeántas ***Roma al tempo de Caravaggio*** sa Palazzo Venezia, an Róimh 15 Samhain 2011 go 26 Feabhra 2012

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.667 | Pedro Núñez del Valle | *Jael and Sisera,* early 1620s |

# Caomhnú

## PICTIÚIR CÓIREÁILTE

Tugadh faoi oibreacha cóireála caomhnaithe iomlána ar roinnt saothar péintéireachta: comhdhlúthú, glanadh, inlíonadh, in-phéinteáil agus vearnaiseáil)

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.287 | Jacob van Ruisdael | *Cornelis de Graeff his Wife and Sons arriving at Soestdijk* |
| GNÉ.365 | Studio of Cesare da Sesto | *The Virgin and Child with Saint John the Baptist* |
| GNÉ.1684 | Nicolas de Poilly | *The Finding of the Money in Benjamin's Sack* |
| GNÉ.2008.92 | George William Russell | *Landscape with Figures* |
| GNÉ.2009.23 | Thomas Hickey | *Double Portrait of Arthur Wolfe and his Wife Anne* |

## TAISPEÁNTAS

*Icon Display – Sciatháin Beit*Cóireálacha
Caomhnaithe lena n-áirítear comhdhlúthú-glanadh dromchla-inlíonadh-mionleasú

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.1843 | Constantinople School | *The Crucifixion* |
| GNÉ.1844 | Russian 15th century | *The Entry into Jerusalem* |
| GNÉ.1846 | Russian 16th Century | *The Virgin's Protection or Stole* |
| GNÉ.1850 | Russian 16th Century | *Saints George and Demetrius of Thessalonica* |
| GNÉ.1857 | Russian 15th Century | *The Miracle of St George and the Dragon* |

## JACK B. YEATS – TAIGHDE & CAOMHNÚ

Is tionscadal leanúnach taighde agus caomhnaithe é seo a áiríonn anailís, comhdhlúthú agus mionleasú;

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.1550 | Jack B.Yeats | *Many Ferries* |
| GNÉ.4643 | Jack B.Yeats | *And so My Brother Hail and Farewell for Ever More* |

## TIONSCADAL MACLISE (GNÉ. 205)

Cuid de thionscadal Maclise ba ea críoch a chur le clár iomlán d'iniúchadh ionrach a rinne dhá fhoireann MOLAB ó Ollscoil Perugia na hIodáile, Roinn na Ceimice mar aon leis an Lárionad Taighde agus Caomhnaithe, Musées de France Palais du Louvre, CHARISMA (Ard-Infreastruchtúir Thaighde na hOidhreachta Cultúir: Sineirge le haghaidh Cur Chuige Ildisciplíneach i ndáil le Caomhnú/Athchóiriú). Tá anailís iniúchta déanta ar dhípholaiméiriú an chanbháis ag Opificio Pietre Dure i Florence agus Stazione della Seta i Milan.

**Opposite:**
Conservation of Daniel Maclise (1806–1870),
*The Marriage of Strongbow and Aoife*, 1854
Supported by Bank of America Merril Lynch



### TIONSCADAL MURILLO (GNÉ. 4540–4545)

Leanadh le hobair ar scrúdú agus ar thionscadal caomhnaithe na sraithe *The Prodigal Son* i gcomhar le Museo de Prado i Maidrid. Is tionscadal CHARISMA arna mhaoiniú ag an AE é seo. Tugadh faoi thaighde teicniúil chun scrúdú a dhéanamh ar na hábhair a d'úsáid Murillo sa tsraith seo i Roinn Eolaíochta i Músaem Prado. Tá an taighde seo ag fáil tacaíochta ó thionscadal CHARISMA arna mhaoiniú ag an AE (Ard-Infreastruchtúir Thaighde na hOidhreachta Cultúir: Sineirge le haghaidh Cur Chuige Ildisciplíneach i ndáil le Caomhnú/ Athchóiriú).

### VINCENT VAN GOGH (GNÉ 2007.2)

Tá taighde eolaíochta bailithe mar chuid den tionscadal, 'Van Gogh's Studio Practice', eagraithe ag Músaem Van Gogh, Amstardam.

### TAISPEÁNTAS BELLOTTO – SCIATHÁIN BEIT

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.181 | Bernardo Bellotto | *Dresden from The Right Bank of The Elbe above the Augustus Bridge* |
| GNÉ.182 | Bernardo Bellotto | *Dresden from The Right Bank of The Elbe Below the Augustus Bridge* |
| L.2011.1 | Bernardo Bellotto | *Florence from the Vaga Loggia* |
| L.2011.2 | Bernardo Bellotto | *Florence towards Ponte Vecchio* |

### FRAMES CONSERVATION PROJECT

Full-scale conservation treatment comprising cleaning consolidation, infilling and gilding has been carried out on the frames:

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.4074 | Nathaniel Grogan | *Boats on the River Lee below Tivoli, County Cork* |
| GNÉ.1227 | Joseph Hogarty | *Two Young Brothers by the Lake* |

### COLLECTION SURVEY

This included condition check and report as well as preventive conservation on some 808 works in the collection.

### SCULPTURE COLLECTION SURVEY

Condition check, report and preventive conservation treatments:

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.8000 | Thomas Kirk | *Richard Brinsley Sheridan, Dramatist and Politician* |
| GNÉ.8007 | Albert Power | *Sean Mac Diarmada (1884-1916), Patriot* |
| GNÉ.8038 | Edward Smyth agus John Smyth | *George III, King of England* |
| GNÉ.8039 | Auguste Rodin | *Brother and sister* |
| GNÉ.8049 | Workshop of Lorenzo Ghiberti | *The Virgin and Child* |
| GNÉ.8051 | Leanúnaí de chuid Jean Jacques Caffieri | *Portrait of a Lady,* |
| GNÉ.8053 | Jerome Connor | *Eamon de Valera, Statesman and 3rd President of Ireland* |

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.8062 | Iodálach (Florentine) 16ú haois | *Lion Attacking a Horse* |
| GNÉ.8067 | Christopher Moore | *Bust of Thomas Moore (1779-1852), Poet* |
| GNÉ.8083 | John Lawlor | *The Blind Girl at Castle Cuille* |
| GNÉ.8084 | Gustav Natorp | *Knuckle Bone Player,* |
| GNÉ.8093 | Curtha i leith Emile A. Bourdelle | *Male Head* |
| GNÉ.8103 | Tar éis Antonio Canova | *A Sleeping Nymph* |
| GNÉ.8106 | Joseph S.M Carre | *Nude Male Athlete* |
| GNÉ.8117 | Iodálach (Rómhánach) 19ú haois | *The Borghese Gladiator* |
| GNÉ.8126 | Iodálach (Rómhánach) 19ú haois | *The Apoxyomenos or Athlete with a strigil,* |
| GNÉ.8143 | Edward Onslow Ford | *Sir Walter Armstrong* |
| GNÉ.8144 | Iodálach (Rómhánach) 19ú haois | *Apollo Belvedere* |
| GNÉ.8151 | Francis Chantrey | *Richard Wellesley, 1st Marquess Wellesley* |
| GNÉ.8161 | Olin Levi Warner | *Julian Alden Weir* |
| GNÉ.8167 | Sreton Stoyanovitch | *Head of an old woman,* |
| GNÉ.8205 | Hamo Thornycroft | *Edward Nugent Leeson, 6th Earl of Milltown (1835-1890), as Lord Lieutenant of County Wicklow* |
| GNÉ.8257 | John Henry Foley | *Youth at the Stream* |
| GNÉ.8265 | Christopher Moore | *Anne, Countess of Charlemont* |
| GNÉ.8296 | Scoile na hIodáile (Rómhánach) 19ú haois | *Male Head* |
| GNÉ.8305 | Anthony Stones | *Liam O'Flaherty (1896-1984), Author* |
| NGI.8344 | Lawrence Campbell | *Jack B. Yeats (1871-1957), Artist* |
| NGI.8386 | Oisin Kelly | *Portrait of Austin Clarke* |
| L.14255 | Unknown Artist | *Relief of George Bernard Shaw* |
| (TD.2010.3 | Edward Hodges Baily | *A Posthumous Bust of William*) |
| (TD.2010.4 | Unknown | *An Italian Bust of Lord FitzGerald & Vesey*) |

## CAOMHNÚ PÁIPÉIR

Chuir an obair ullmhúcháin a bhain le bogadh chuig stiúideo eile, an MPF agus sceidil na dtaispeántas leanúnach isteach go mór ar obair ar an mbailiúchán priontaí agus líníochtaí in 2011. Ciorraíodh na háiseanna stiúideo go mór sa dara leath den bhliain agus díríodh aird ar an suirbhé agus ar thionscadail chaomhnaithe ar an láthair. Rinneadh riocht mórshaothar ealaíne ar pháipéar, cartúin ghloine daite Evie Hone san áireamh a sheiceáil. B'éigean an dromchla a ghlanadh agus na líocha/meán scealptha a chomhdhlúthú sular cuireadh i bhfrámaí stórála saincheaptha iad, deartha agus déanta ag Foireann Láimhseála Ealaíne GNÉ. Tháinig Elizabetta Braidot, mac léinn ó Scoil Buanchoimeádta agus Caomhnaithe, Ionad Catalógaithe agus Caomhnaithe na hOidhreachta Cultúrtha i Villa Manin di Passariano san Iodáil, chun oibre leis an bhfoireann Caomhnaithe Páipéir ar 5 Eanáir mar chuid d'intéirneacht dhá mhí. Le linn na

hintéirneachta bhí sí ag obair ar mhíreanna éagsúla ó Chartlann Yeats GNÉ, lena n-áirítear uiscedhathanna, leabhair sceitsí agus dearadh stáitse de chuid Jack B. Yeats.

### SAOTHAIR AR PHÁIPÉAR

Rinneadh cóireálacha éagsúla ar an liosta seo a leanas saothar ar pháipéar lena n-áirítear scrúdú, doiciméadú, cúlbhaint, inleagan, gléasadh, ullmhúchán do thaispeántas agus do shuiteáil:

### BUAICPHOINTÍ ÓN MBAILIÚCHÁN

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.2064 | Parmigianino | *A Putto with an Eagle; Saint Matthias (?) on verso* |
| GNÉ.2264 | Herman Saftleven II | *Ruins outside the White Nun Gate, Utrecht* |
| GNÉ.2385 | FW Burton | *Cassandra Fedele, Poet and Musician* |
| GNÉ.2535 | Walter Frederick Osborne | *The Dolls' School* |
| GNÉ.2740 | Edgar Degas | *Two Ballet Dancers in a Dressing Room*, c.1880 |
| GNÉ.2980 | Michael Angelo Hayes | *Sackville (now O'Connell) Street, Dublin* |
| GNÉ.6028 | George Petrie | *Gougane Barra Lake with the Hermitage of Saint Finbarr, Co Cork* |
| GNÉ.6315 | Daniel Maclise | *The Marriage of Strongbow and Aoife* |
| GNÉ.6338 | James Howard Burgess | *A Shipwreck off the Causeway Coast, Co Antrim* |
| GNÉ.7009 | James Mahoney | *Queen Victoria and Prince Albert in the Paintings and Sculpture Hall of the 1853 Irish Industrial Exhibition* |
| GNÉ.7481 | George Petrie | *Dun Aonghasa Fort, Inishmore, Aran Islands* |
| GNÉ.7516 | Francis Place | *Dublin from Phoenix Park*, 1698 |
| GNÉ.7523 | Francis Place | *Kilkenny Castle and City from Wind Gap Hill* |
| GNÉ.7767 | Emil Nolde | *Rain over a Marsh* |
| GNÉ.7819 | Jean Louis Ernest Meissonier | *An Officer of the First Republic* |
| GNÉ.7953 | Mildred Anne Butler | *Shades of Evening* |

### BUAICPHOINTÍ ÓN MBAILIÚCHÁN

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.2146 | Robert Healy | *Self-Portrait Leaning on a Bust of Venus* |
| GNÉ.2152 | Wybrand Hendriks | *A Seated Man Leaning over a Pail* |
| GNÉ.2301 | Jean-Antoine Watteau | *A Young Gentleman Tuning a Violin* |
| GNÉ.2322 | Iodálach (Bolognese) 17ú haois | *A Female Head* |

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.2336 | Albrecht Dürer | *Saint Catherine of Alexandria* |
| GNÉ.2536 | Walter Frederick Osborne | *The House Builders* |
| GNÉ.2701 | Francis Wheatley | *Fishermen beside the Salmon Leap, Leixlip, Co Kildare,* |
| GNÉ.2728 | Edward Hayes | *The Choir Doorway, Athassel Priory, Co Tipperary, from the Nave* |
| GNÉ.3017 | Edouard Vuillard | *The Hessels' Apartment, rue de Rivoli, Paris* |
| GNÉ.3315 | Jean Valade | *Louis Auguste Thibault-Dubois, Chevalier de Saint Louis* |
| GNÉ.3849 | Rosalba Carriera | *Winter* |
| GNÉ.3870 | Alfred Gresham Jones | *The Winning Design for the 1865 International Exhibition Building, Earlsfort Terrace, Dublin* |
| GNÉ.6329 | Stephen Catterson Smith | *Self-Portrait* |
| GNÉ.7820 | Jean-François Millet | *A Storm during Haymaking* |

## FABHALSCÉALTA AGUS SÍSCÉALTA

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.2008.89.3 | Harry Clarke | *The Nightingale* |
| GNÉ.2010.3 | Harry Clarke | *The Little Sea Maid* |
| GNÉ.2010.4 | Harry Clarke | *He Saw, Upon a Bed, the Finest Sight Was Ever Beheld* |
| GNÉ.2084 | Richard Doyle | *The Triumphal Entry, a Fairy Pageant* |
| GNÉ.2090 | Richard Doyle | *The Dragon of Wantley,* |
| GNÉ.2091 | Richard Doyle | *An Illustration for a Fairy Tale (1)* |
| GNÉ.3205 | Richard Doyle | *An Illustration for a Fairy Tale (2)* |
| GNÉ.3531 | John Butler Yeats | *Pippa Passes* |
| GNÉ.7602 | Paul Henry | *Isabella Seeking Lorenzo's Body in the Forest* |
| GNÉ.7974 | Richard Doyle | *A Lion Lies in Wait for Tommy* |
| GNÉ.7976 | Richard Doyle | *He Springs!* |
| GNÉ.7977 | Richard Doyle | *Tommy Begs for Mercy* |
| GNÉ.7978 | Richard Doyle | *The Lion Lays his Paw upon Tommy* |
| GNÉ.7979 | Richard Doyle | *The Lion Swallows Tommy* |
| GNÉ.7980 | Richard Doyle | *Tommy Almost Gobbled Up* |
| NGI.7982 | Richard Doyle | *The Lion Pleased with his Repast Walks away Stouter than he Was* |
| GNÉ.7983 | Richard Doyle | *All That Remains of Tommy* |
| GNÉ.18992 | Charles Altamont Doyle | *Bank Holiday* |
| GNÉ.19558 | John Butler Yeats | *I was exceedingly surprised with the print of a man's naked foot* |
| GNÉ.19561 | John Butler Yeats | *I could not bear the sight* |

## BAILIÚCHÁN

Rinneadh coireálacha caomhnaithe ar roinnt ábhar cartlainne Laurence Campbell a fuarthas le déanaí ón CSIA lena n-áirítear roinnt saothar eile ón mbailiúchán:



| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.11491 | Anthony van Dyck | *Frederick de Marselaer, Diplomat* |
| GNÉ.2011.10 | Elizabeth Rivers | *Star in the East* |
| GNÉ.2011.6 | John Faulkner | *Inniskea Isle, Achill* |
| GNÉ.2011.7 | Frank Brangwyn | *Old Houses, St Cirq* |
| GNÉ.2011.8 | Robert Charles Goff | *Shipbuilding at Viareggio, Tuscany* |
| GNÉ.2011.9 | Elizabeth Rivers | *Singing Stars* |
| GNÉ.2693 | Evie Hone | *Apostles at the Virgin's Assumption* |
| GNÉ.3029 | Evie Hone | *Apostles at the Virgin's Assumption* |
| GNÉ.3033 | Evie Hone | *The Saved* |
| GNÉ.3035 | Evie Hone | *An Angel and Devils* |
| GNÉ.3298 | Evie Hone | *Christ and Apostles* |
| GNÉ.3299 | Evie Hone | *The Virgin and Apostles* |
| GNÉ.3825 | Jack B. Yeats | *A Four Oared Currach* |
| GNÉ.3826 | Jack B. Yeats | *The Pilot* |
| GNÉ.3828 | Jack B. Yeats | *Gathering Seaweed* |
| GNÉ.3829 | Jack B. Yeats | *The Country Shop* |
| GNÉ.3830 | Jack B. Yeats | *The County of Mayo* |
| GNÉ.3831 | Jack B. Yeats | *The Metal Man of Sligo* |
| GNÉ.4602 | Anne Yeats | *Green cloth floating* |
| GNÉ.7826 | Evie Hone | *Saint Brendan* |
| GNÉ.7855 | Evie Hone | *The Beatitudes* |
| GNÉ.7865 | Evie Hone | *The Nativity* |
| GNÉ.7866 | Evie Hone | *The Assumption of the Virgin* |
| GNÉ.7867 | Evie Hone | *The Last Judgement* |
| GNÉ.7876 | Evie Hone | *Abstract* |

## TAISPEÁNTAIS

Ullmhú agus suiteáil na dtaispeántas:
*Turner's Watercolours, and Silhouettes & Miniatures-The Mary McNeil Bequest*
*Mí Náisiúnta Feasachta Cartlainne*
*The Gift of Knowledge: Enriching the Library and Archive Collections*

## TIONSCADAL BURTON (GNÉ.2358)

D'oibrigh an Roinn Caomhnaithe Páipéir le Roinn na bPriontaí agus na Líníochtaí agus le hOifig na nOibreacha Poiblí ar phleananna chun *The Meeting on the Turret Stairs, saothar* Frederic Burton, a thaispeáint i gcaibinéad saincheaptha i ngailearaithe íochtair Sciathán na Mílaoise. D'fhonn deis a thabhairt do chuairteoirí radharc chomh maith agus is féidir a fháil ar an saothar, úsáideadh gloine lannaithe neamh-fhrithchaiteach in ionad gnáthghloine.

## TIONSCADAL MACLISE (GNÉ.205)

Baineadh agus caomhnaíodh trí lipéad ón bhfráma agus ceithre deisiú nuachtpháipéir ó chúl chanbhás *The Marriage of Strongbow and Aoife*, saothar Maclise, mar chuid de Thionscadal Caomhnaithe Maclise.

Harry Clarke (1889–1931)
*The Nightingale*
GNÉ.2008.89.3

### TIONSCADAL DENIS MAHON

Caomhnaíodh bailiúchán 44 prionta agus líníocht scaoilte in 2011. Bhí formhór acu an-mhór agus bhí sé deacair iad a stóráil. Bhí cóireáil iomlán caomhnaithe de dhíth ón gcuid seo den bhailiúchán lena n-áirítear grianghrafadóireacht, ábhar aigéadach a bhaint, glanadh dromchla, cóireáil uiscí, dí-aigéadú, baint ruaimeanna, deisiú, agus ullmhúchán le haghaidh stóráil shábháilte i mboscaí nó i bhfillteáin chartlainne. Baineadh an fráma de líníocht Poussin, baineadh na cúil aigéadacha dó agus rinneadh é a chobhsú. Rinneadh bailiúchán de 40 mír i bhfráma: priontaí, uiscedhathanna agus dúch líníochtaí ar pháipéar agus ar veilleam a mheas. Rinneadh an bailiúchán mór miondealbh a mheas, a ghlanadh, a dheisiú, nuair ba ghá, agus a athchóiriú.

### IASACHTAÍ

Rinneadh riocht na saothar ealaíne seo a leanas a sheiceáil agus a ullmhú le tabhairt ar iasacht;

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.11857 | Joseph Patrick Haverty | *The Monster Meeting of the 20th September 1843* |
| GNÉ.2019 | Curtha i leith Andrea Mantegna | *Portrait of Francesco II Gonzaga, 4th Marquese of Mantua (1466-1519)* |

### GRIANGHRAFADÓIREACHT

Cuireadh íomhánna ardtaifigh ar fhreastalaí GNÉ (n.3112). Roimh na cóireálacha caomhnaithe, agus chun críche coimeádaíochta, rinneadh iniúchtaí fótagrafacha lena n-áirítear X-Radagrafaíocht – Infridhearg agus Ultraivialait, ar na saothair seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.470 | Filippino Lippi | *Portrait of a Musician* |
| NGI.1684 | Nicolas de Poilly | *The Finding of the Money in Benjamin's Sack* |
| GNÉ.1100 | Curtha i leith Francesco Salviati | *The Holy Family* |

### TIONSCADAL TURNER

Rinneadh iniúchadh fótagrafach agus anailís theicniúil ar Thiomnacht Vaughan ar 31 uiscedhath Turner i gcomhair catalóg atá le heisiúint amach anseo, anailís X-Gha Fluaraiseachta ar 11 Uiscedhath de chuid Turner san áireamh. Lena chois sin, rinne an Roinn Caomhnaithe Páipéir doiciméadú ar mharcanna uisce ar an bpáipéar sna saothair seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.2401 | JMW Turner | *Shipping* |
| GNÉ.2407 | JMW Turner | *The Waterfront of Old Dover Harbour, Kent* |
| GNÉ.2410 | JMW Turner | *Edinburgh from Salisbury Crags* |
| GNÉ.2421 | JMW Turner | *Below Arvier, looking* down the *Val d'Aosta towards Mont Emilius* |
| GNÉ.2422 | JMW Turner | *A Shower, over Lake Lucerne, Switzerland* |
| GNÉ.2423 | JMW Turner | *The Doge's Palace and Piazzetta, Venice* |
| GNÉ.2428 | JMW Turner | *Lake Lucerne from Fluelen* |

### INIÚCHADH INFRIDHEIRG

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.2407 | JMW Turner | *The Waterfront of old Dover Harbour, Kent* |
| GNÉ.2408 | JMW Turner | *The West Gate,Canterbury,Kent* |
| GNÉ.2413 | JMW Turner | *A Ship against the Mew Stone, at the Entrance to Plymouth Sound* |

### INIÚCHADH ULTRAIVIALAIT

| | | |
|---|---|---|
| GNÉ.2415 | JMW Turner | *Fishing Boats over Folkstone Beach,Kent* |
| GNÉ.2416 | JMW Turner | *Châtel Argent,near Villenueve, Val d'Aosta, Switzerland* |
| GNÉ.2418 | JMW Turner | *Passau,Germany, at the Confluence of the Rivers Inn and Danube* |
| GNÉ.2425 | JMW Turner | *Great Yarmout Harbour, Norfolk* |
| GNÉ.2429 | JMW Turner | *Le Pont du Château, Luxemburg* |
| GNÉ.2430 | JMW Turner | *Sunset over Petworth Park, Sussex* |
| GNÉ.7512 | JMW Turner | *The Grand Canal from below The Rialto Bridge* |

**Thíos:**
Joseph Mallord William Turner (1775–1851)
*Passau, Germany at the confluence of the Rivers Inn and Danube*, 1840
GNÉ.2418





# Leabharlann, Cartlanna & na Meáin Dhigiteacha

Bliain fhorásach agus ghnóthach ba ea 2011 d'fhoireann Rannóg na Leabharlainne, Cartlainne agus Meán Digiteach. Tá an roinn freagrach as bailiúcháin shuntasacha leabharlainne agus cartlainne an Ghailearaí a bhainistiú agus aire a thabhairt dóibh, bailiúcháin atá le fáil sa Leabharlann Ealaíne, Lárionad um Staidéar ar Ealaín na hÉireann, Cartlann Institiúideach GNÉ, Cartlann Yeats agus Leabharlann agus Cartlann an Tiarna Denis Mahon. Chomh maith leis sin, tá an roinn freagrach as meáin dhigiteacha a fhorbairt sa Ghailearaí, lena n-áirítear feidhmiú láithreán gréasáin GNÉ.

## LEABHARLANN & CARTLANNA

Bhí bliain ghnóthach ag Leabharlann & Cartlanna freisin le breis agus 8700 cuairteoir, cuairteoirí ar líne san áireamh. Tá tús áite tugtha do ghníomhaíochtaí poiblíochta agus for-rochtana le blianta beaga anuas agus leanadh le haird a tharraingt ar sheirbhísí taighde agus ar bhailiúcháin an Ghailearaí i rith 2011. Reáchtáil an roinn a céad taispeántas ina raibh míreanna ón leabharlann agus ó na bailiúcháin chartlainne ann i mí Dheireadh Fómhair (féach ar Taispeántais sa tuarascáil seo). I rith na bliana, d'éascaigh an fhoireann líon mór turas agus ionduchtaithe bunaithe ar na háiseanna taighde agus ar na bailiúcháin éagsúla. Is minic go mbíonn eolas faoi na bailiúcháin seo anois ar chúrsaí tríú leibhéal sa stair ealaíne, rud a chabhraíonn linn caidreamh a bhunú leis na hOllscoileanna. I Meán Fómhair taispeánadh rogha ábhar ó Chartlann Yeats agus ón Lárionad um Staidéar ar Ealaín na hÉireann i Músaem Yeats agus i ngailearaithe Sciathán na Mílaoise don Mhí Feasachta Cartlainne.

I gcaitheamh na bliana, cuireadh 2,071 sealbhú nua leis an mbailiúchán leabharlainne. Leanadh le forbairt PORTICO, an chatalóg ar líne, agus rinneadh córas bainistíochta bhailiúchán na leabharlainne a uasghrádú i mí na Samhna. Cuid den uasghrádú is ea na huirlisí atá ag tacú le hoibríochtaí laethúla a fheabhsú, lena n-áirítear ciorclaíocht, catalógú, sealbhuithe, sraithchláir, cúltacaí acadúla, for-rochtain agus meáin a chur in áirithe. Tá tús curtha le digitiú ábhar roghnaithe ó na bailiúcháin agus díreofar go sonrach ar an ngné seo in 2012.

## LÁRIONAD UM STAIDÉAR AR EALAÍN NA HÉIREANN

Lean Lárionad um Staidéar ar Ealaín na hÉireann (CSIA) lena chuid oibre chun taighde ar ealaín na hÉireann a éascú agus a chur chun cinn. Tá an bailiúchán forbartha go maith ó bunaíodh an Lárionad in 2003. I measc sealbhuithe suntasacha CSIA in 2011 tá bailiúchán de bhreis agus 375 líníocht agus uiscedhath, idir bheag agus mhór, le Joseph Brooke-Kelly; cartlann Harry Kernoff lena n-áirítear dhá lámhscríbhinn bhunaidh sínithe ag an ealaíontóir; doiciméadú a bhaineann leis an ealaíontóir Éireannach Mainie Jellett, ina bhfuil leagan lámhscríbhinne den aiste 'French Painting, Fauves and Cubists Schools' a scríobhadh do Thaispeántas na bPéintéirí Comhaimseartha a reáchtáladh i

*St. Cecilia*
Marco Dente da Ravenna (1493–1527),
after the engraving by Marcantonio Raimondi
(1480–1534), after Raphael (1483–1520)
Denis Mahon Library & Archive

nDeireadh Fómhair 1939; litir ó Daniel Maclise mar fhreagra ar mholadh ar na léaráidí a rinne sé le haghaidh Moore's Melodies; litir ó Sarah purser chuig Dullcibella Barton, 4 Bealtaine 1943 agus cóip réasúnta tearc de chuid *The Story of the Norman Conquest* le Daniel Maclise, a foilsíodh i Londain in 1866. I measc bailiúchán cartlainne CSIA a próiseáladh in 2011 bhí litreacha a sheol Aloysius O'Kelly chuig James Herbert (12 Aibreán 1926-5 Bealtaine 1930), agus páipéir Patrick Tuohy.

### CARTLANN YEATS

Le blianta fada anuas tá tús áite á thabhairt do Chartlann Yeats le haghaidh catalógaithe. In 2011, rinne Cartlannaí Yeats (Ciste Comhaltachta GNÉ) dul chun cinn suntasach maidir le próiseáil an bhailiúcháin seo, agus tá sé níos éasca do thaighdeoirí teacht ar ábhar na cartlainne anois. Tá catalógú iomlán déanta anois ar Anne Yeats Gift, (1996), ina bhfuil 24 sraith ábhair. Áiríonn sé seo bailiúchán 205 leabhar sceitsí arb ionann iad agus léargas ar fhorbairt ealaíonta Yeats thar thréimhse 50 bliain agus tá 10,000 sceitse aonair ar fad ann. San áireamh freisin tá thart ar 350 líníocht scaoilte, 27 stionsal, agus sraith *Lives* de chuid Yeats, ina bhfuil 110 líníocht. Chomh maith leis sin, chuir Cartlannaí Yeats críoch le liostú leabharlann phearsanta Yeats, a lámhscríbhinní liteartha, litreacha, grianghraif, irisí, a bhailiúchán de chatalóga taispeántais, leabhair shaothaor agus innéacsanna pictiúr, páipéir a mhná, Mary Cottenham Yeats, agus cartlanna thionscail Dun Emer agus Cuala. Tá liostú déanta freisin ar bhailiúchán Eleanor de Bretteville Reid d'ábhar Yeats. Féadfar na catalóga seo a chuardach trí mheán PORTICO agus leathanach gréasáin Chartlann Yeats. Cuireadh tús le digitiú ábhar roghnaithe ón gcartlann in 2011 freisin. I rith na bliana, chuathas i gcomhairle leis an Roinn Caomhnaithe Páipéir maidir le bearta caomhnaithe coisctheacha agus feabhais. Rinneadh obair shuntasach caomhnaithe ar imleabhar Jack B. Yeats 26 pictiúr stionsail guaise uiscedhatha i mí Feabhra. Tá cúig shaothar i bhfad níos mó ná an t-imleabhar agus bhí damáiste suntasach déanta dóibh mar gheall ar iliomad fillteacha agus páipéar briosc. Glanadh an t-imleabhar ar fad, baineadh na saothair mhóra fillte amach, leacaíodh iad, agus deisíodh stróiceacha agus caillteanais. Taispeánadh an t-imleabhar seo i Meán Fómhair mar chuid den mhí Feasachta Cartlainne agus i mí Dheireadh Fómhair mar chuid de thaispeántas *The Gift of Knowledge*, inar taispeánadh *The Pugilist chomh maith*, ceann den chúig shaothar mhór atá bainte amach as an imleabhar.

### LEABHARLANN & CARTLANN AN TIARNA DENIS MAHON

Cúis bhróin dúinn gur cailleadh an Tiarna Denis Mahon ar 24 Aibreán 2011. Seoladh na leabhair agus na doiciméid eile a bhí aige ar aghaidh chuig GNÉ agus cuireadh le bailiúchán na n-ábhar tabhartha in 2010.

### CARTLANNA GNÉ

Próiseáladh páipéir eastát Hugh Lane agus páipéir Milltown in 2011. Lean an fhoireann leis an doiciméadú, grianghrafadóireacht agus físeán, na hoibreacha tógála, athruithe ar na gailearaithe agus na gníomhaíochtaí éagsúla eile a tharla i rith na bliana d'fhonn ullmhú do agus mar chuid den MPF. Cuirfear é seo le cartlann reatha de thaifeadtaí amhairc stair an Ghailearaí.

### THE GIFT OF KNOWLEDGE: ENRICHING THE LIBRARY AND ARCHIVE COLLECTIONS

Ullmhaíodh an taispeántas seo in ómós don Tiarna Denis Mahon agus tabharthóirí eile na leabharlainne agus na mbailiúchán cartlainne. San áireamh sa taispeántas seo bhí míreanna ó CSIA agus Cartlann Yeats, agus tarraingíodh aird ar an mbronntanas is déanaí agus is tábhachtaí ón Tiarna Denis. Taispeánadh imleabhair roghnaithe óna leabharlann lena n-áirítear *Vite* Vasari (1568), *Le vite de pittori, scultori, ed architetti moderni* Bellori (1728) agus tráchtas tábhachtach Bolognese *Felsina Pittrice* Malvasia (1678). Le cois ábhar a thaispeáint ó na bailiúcháin seo, tarraingíodh aird ar an luach a chuireann na bronntanais leis an leabharlann agus leis na bailiúcháin chartlainne agus tugadh aitheantas do fhlaithiúlacht na ndaoine aonair agus na gcomhlachtaí a thacaigh le forbairt na mbailiúchán seo le blianta anuas. Bhí eolas le fáil i rannóg ar leith den láithreán gréasáin faoi mhíreanna sonracha a bhí ar taispeáint. Léiríodh an-spéis sa taispeántas seo agus bhí tagairt dó san 'Irishman's Diary' le Frank McNally, san *Irish Times,* 5 Samhain 2011.

### NA MEÁIN DHIGITEACHA & LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Leanadh le láithreacht ar líne an Ghailearaí a fhorbairt in 2011. Tháinig méadú 27% ar an líon cuairteanna chuig an láithreán gréasáin agus san iomlán tugadh 253,701 cuairt ar an láithreán gréasáin i gcaitheamh na bliana. Is iad na rannóga is mó tóir ná an Leathanach Baile, Imeachtaí, Bailiúchán, Pleanáil Cuairt agus Taispeántais *[Exhibitions]*. Cúis áthais don Ghailearaí ba ea gur bronnadh *Gradam Spider eircom* ar an láithreán gréasáin i mí na Samhna sa chatagóir 'Eagraíochtaí Carthanais agus Neamhbhrabúis'. Tugann na gradaim Spider aitheantas d'Éireannaigh agus d'eagraíochtaí as an tsárobair a chuireann siad i gcrích ar líne agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar an rath atá ar an idirlíon agus ar na meáin dhigiteacha in Éirinn.

I measc na bhforbairtí a rinneadh i rith na bliana tá forbairt áiseanna cuardaigh an láithreáin ghréasáin agus é mar aidhm an Bailiúchán Ar Líne agus córas íomhánna digiteacha na mBailiúchán Speisialta – DORAS – a nascadh le chéile. Tá cainéal YouTube an Ghailearaí beo ó Mheán Fómhair. I gcomhar le Seirbhísí Cuairteora baineadh tairbhe as córas ticéadaithe ar líne don taispeántas 'Masterpieces from the Collection' i rith míonna gnóthacha an tsamhraidh. Forbairt cheannródaíoch eile do GNÉ ba ea beoshruthú an tsiompóisiam *Future Forecasting* ar an láithreán gréasáin ar an 3 Samhain agus ghlac 322 rannpháirtí speisialta páirt sa chomhdháil sin ar líne ar an lá. Ina dhiaidh sin, uaslódáladh na himeachtaí ar YouTube agus faoi dheireadh na bliana bhí 1,582 duine tar éis breathnú ar an mbeoshruthú. Táthar ag obair ar áiseanna tabhartais ar líne i gcomhar le hOifig Forbartha GNÉ. Seolfar é seo in 2012.

Tá turas fíorúil d'fhoirgnimh stairiúla GNÉ, atá dúnta faoi láthair mar go bhfuil obair athchóirithe ar bun, ar fáil ar an láithreán gréasáin ó mhí Dheireadh Fómhair. Deis atá sa turas seo léargas a thabhairt do dhaoine ar stair agus ar leagan amach na seomraí seo, mar aon le héisteacht le tráchtaireacht faoin obair athchóirithe, atá ar bun mar chuid den MPF. I dteannta leis an bhfíseán tá blúire ceoil le John O'Connor dar teideal "Field: VI. Nocturne in F major: Andante". Ba é Ionad na Meán Digiteach in Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath, ar bhronn an Roinn Ealaíon maoiniú air don tionscadal seo, a d'fhorbair an turas seo mar chuid de Scéim Deontas na Teicneolaíochta Cultúir, 2010.

Ar cheann de bhuaicphointí na bliana bhí seoladh na hacmhainne faisnéise ar líne *Saving a National Treasure: The Marriage of Strongbow and Aoife*. Tionscadal comhoibritheach a bhí anseo idir Caomhnú, CSIA agus na Meáin Dhigiteacha agus ba é an gnólacht IDEA atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath a dhear an acmhainn. Coinníonn an láithreán súil ar chóireálacha caomhnaithe leanúnacha an tsaothair thábhachtaigh seo mar aon le heolas breise stairiúil agus stair ealaíne maidir leis

an bpictiúr a sholáthar mar aon le sonraí faoi shaol agus saothar Daniel Maclise. Tá gearrfhíseáin faoin tionscadal, le blúirí ó roinnt d'fhoireann GNÉ, eolaithe caomhnaithe agus ionadaithe na n-urraitheoirí, Bank of America Merrill Lynch, ar fáil ar chainéal YouTube an Ghailearaí. Tharraing seoladh acmhainn ar líne an tionscadail chaomhnaithe aird na meán, rud nach raibh súil leis, ar an nGailearaí, na nuachtáin náisiúnta agus na cainéil teilifíse ar fad ina measc. Tá an-tóir fós ar rannóg Maclise an láithreáin ghréasáin agus déanfar é a nuashonrú go rialta i rith 2012 de réir mar a bheidh an tionscadal á fhorbairt.

Bhí 3,483 leantóir nua ag suímh meán sóisialta an Ghailearaí in 2011. Bhain an-tairbhe leis an dá ghréasán sóisialta maidir le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Bhain tábhacht ar leith leis seo i rith na bliana, nuair a bhí sé riachtanach an t-eolas is déanaí maidir le hathchóiriú agus athchrochadh agus dúnadh seomraí a chur in iúl gan mórán moille. Cuireadh tús le gné sheachtainiúil nua ar a dtugtar 'Archive of the Week' i bhfianaise chomh maith is a d'éirigh leis an ngné 'Picture of the Week', agus d'éirigh thar cionn leis. *Baineadh úsáid éifeachtach as* Twitter agus Facebook chun aird a tharraingt ar imeachtaí sa Ghailearaí díreach roimh imeachtaí cathrach agus náisiúnta a raibh an Gailearaí ag glacadh páirte iontu, Dublin Contemporary 2011, an tSeachtain Oidhreachta agus Oíche Chultúir ina measc. I Meán Fómhair, d'oibrigh Roinn na Meán Digiteach le Seirbhísí Cuairteora chun deis a thabhairt do cheoltóirí gan chonradh páirt a ghlacadh in imeacht dar teideal 'Musical Bites' ag Oíche Chultúir GNÉ, imeacht a thug deis do 8 ngrúpa ceoil a gcumas a léiriú don slua a bhí bailithe. D'éirigh thar barr leis seo, agus léiríodh an-spéis ann roimh an imeachta agus ar an oíche féin chomh maith céanna.

## TIONSCADAIL TAIGHDE

Is tionscadal taighde ar fiú na milliúin euro é DECIPHER a bhfuil an tAontas Eorpach ag tacú leis ar mhaithe le heolas a roinnt le daoine faoi bhailiúcháin atá le fáil i músaeim agus i ngailearaithe. Clár oibre 36 mhí atá ann agus gheobhaidh an Gailearaí ranníocaíocht €251,430 ón AE thar thréimhse an tionscadail. Seoladh an tionscadal go hoifigiúil ag Uimh.5 Sráid an Chláraigh, ar 20 Eanáir agus i measc na ndaoine a d'fhreastail ar an ócáid bhí Stiúrthóir GNÉ, Raymond Keaveney, Stiúrthóir IMMA, Enrique Juncosa agus Uachtarán DIT, an tOllamh Brian Norton. Ba é GNÉ a reáchtáil an chéad chruinniú, agus ba iad Andrea Lydon agus Donal Maguire a rinne ionadaíocht ar GNÉ ag an gcruinniú seo ar fhreastail comhpháirtithe ó Éire, an Ríocht Aontaithe, an Iodáil agus Poblacht na Seice air. I gcaitheamh na bliana, reáchtáladh roinnt ceardlann a bhí dírithe ar chleachtais oibre i músaeim agus is ionann na sonraí a bailíodh ag na ceardlanna seo agus ábhar suntasach taighde don tionscadal.



**Ar dheis:**
Ag seoladh na Decipher Research Project sa Ghailearaí (chlé go deas): Enrique Juncosa, Stiúrthóir, IMMA; an tOllamh Brian Norton, Uachtarán, DIT; agus Raymond Keaveney, Stiúrthóir, GNÉ

**Os coinne:**
*Voyage Pittoresque de Paris; ou Indication de tout…et Architecture. Par M.D.**** (Paris, 1752)
Denis Mahon Library & Archive

# VOYAGE PITTORESQUE DE PARIS;

OU *INDICATION*

*de tout ce qu'il y a de plus beau dans cette grande Ville en Peinture, Sculpture, et Architecture.*

*Par* M.D. ***

*Nouvelle Edition.*




*Gravé en couleur par J. Robert.*

*A PARIS,*

*Chez* DE BURE, *l'aîné, Libraire,*



# Oideachas

Rinne an Roinn Oideachais clár cuimsitheach gníomhaíochtaí le haghaidh 68,517 cuairteoir a bhainistiú, líon sásúil cuairteoirí i bhfianaise nach bhfuil ach méid áirithe spásanna ar fáil sa Ghailearaí agus an MPF faoi lánseol. Eagraíodh breis agus 2,288 imeacht, méadú beag i gcomparáid le 2010. Eagraíodh breis agus 1,490 turas do thart ar 24,262 duine. Rinne an roinn a dícheall freastal ar chuairteoirí, go háirithe i rith Iúil agus Lúnasa nuair a bhí sraith léachtaí agus scannán ar scáileán ar siúl gach lá den tseachtain sa Léachtlann, imeachtaí a mheall thart ar 6,000 duine. In 2011, reáchtáladh ceardlanna agus camchuairteanna an bhailiucháin d'fhonn cur leis na tionscnaimh seo.

B'éigean roinnt imeachtaí a reáchtáil in ionaid sheachtracha ó tharla impleacht a bheith ag an MPF ar infhaighteacht na Léachtlainne. Is mian leis an roinn aitheantas a thabhairt don chúnamh a fuarthas ón Acadamh Ibearnach Ríoga (*Lá Líníochta*); Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (*Cúrsa na Léann Ealaíne*); Ard-Mhúsaem na hÉireann (Reáchtáladh Laethanta Staidéir i gcomhar le AMÉ ag Sráid Chill Dara, Dún Uí Choileáin agus Caisleán an Bharraigh); agus Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (cainteanna agus turais for-rochtana thaispeántas *Dearc*). Cothaíodh na leibhéil tinrimh ag na leachtaí seachtainiúla agus d'fhreastail 4,103 ar 83 léacht phoiblí a réachtáladh gach Máirt agus Domhnach idir Eanáir agus Meitheamh agus idir Meán Fómhair agus Nollaig.

### SEIRBHÍSÍ MÍCHUMAIS & FOR-ROCHTANA POBAIL

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís For-rochtana foghlaim agus meas ar na hamharcealaíona agus ar an mbailiúchán a spreagadh trí chaidreamh a bhunú le heagraíochtaí míchumais, leabharlanna, scoileanna, féilte agus grúpaí pobail ar fud na tíre. D'éirigh go breá leis an tseirbhís in 2011 agus bunaíodh nasc nua le grúpaí náisiúnta agus daingníodh na cumainn agus na gréasáin a bhí bunaithe cheana féin. Cuireadh tús ar bhonn píolótach le turas nua cúramóra, turas atá dírithe ar dhaoine ar chúramóirí baile lánaimseartha iad. Forbraíodh cláir i gcomhar le grúpaí a bhfuil míchumais fhisiceacha agus intleachta acu a thug deis do rannpháirtithe oibriú leo ar bhealach rúnda agus spriocdhírithe i spásanna sa ghailearaí, grúpaí dála Eoin Dé, NIID agus Tuiscint Ranelagh. Déanfar tuilleadh forbartha ar chomhoibriú an Ghailearaí le Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann i gcomhar le heagraíochtaí dála Fondúireacht Anne Sullivan agus Meabhairshláinte Éireann. Leanadh leis na taispeántais ar chamchuairt: *Learning from Art* (saothar ógánach ó 32 contae) agus *Drawing Studies: A Celebration* (saothar dhaoine níos sine spreagtha ag bailiúchán GNÉ). Riar an painéal For-rochtana 121 imeacht do 2,394 duine, ag léiriú tiomantas an Ghailearaí rannpháirtíocht leis an bpobal.

### CLÁIR LEANAÍ AGUS TEAGHLAIGH

Dlúthchuid de chlár poiblí an Ghailearaí é gníomhaíochtaí a reáchtáil do leanaí agus do theaghlaigh, clár a sholáthraíonn raon imeachtaí a mbíonn an-tóir orthu i rith na bliana. Léiríonn figiúirí gur bhain 5,604 duine úsáid as na

Ceardlann liníocht ag an nGailearaí Náisiúnta na hÉireann



Ag an Siompóisiam Oideachais 2011 (chlé go deas): An Dr Marie Bourke, Coiméadaí agus Ceannáire Oideachais, GNÉ; An Dr Olive Braiden, Cathaoirleach, Bord GNÉ; Jimmy Deenihan, TD, Aire Ealaíon, Oidreachta agus Gaeltachta; Margherita Sani, Instituto Beni Culturali, Regione; agus Emilia Romagna, LEM.

Pacáistí Teaghlaigh 1,401 uair. Bhí an club samhraidh, na ceardlanna ealaíne, briseadh lár téarma, clár teaghlaigh agus Spás Aitriam buail isteach lán go doras in 2011 – bhain 10,800 duine taitneamh as na himeachtaí a reáchtáladh thar 360 lá. Bhí an méid is mó daoine riamh ag triall ar Shaoire Teaghlaigh Ealaíne na Nollag (a reáchtáladh sa léachtlann). Thacaigh Aturnaetha Matheson Ormsby Prentice leis an gclár teaghlaigh, leis na pacáistí teaghlaigh agus le ceardlanna ealaíne an tsamhraidh.

## MÚINTEOIRÍ AGUS SCOILEANNA

Bhí teorainn ar sheirbhísí an Ghailearaí do Mhúinteoirí agus do Scoileanna mar gheall ar easpa acmhainní foirne, ach d'éirigh leis an roinn seirbhís theoranta a sholáthar.

## FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL

Scaipeadh 'Pacáiste Ealaíne' nua do dhaoine níos sine in 2011. D'fhreastail slua maith ar shraith an fhómhair bunaithe ar an téama *Portraits & Personalities*. Sholáthair dhá lá staidéir, *Portraits of the Irish Face* (26 Feabhra) agus *Women Artists and the Modern Movement* (26 Márta) fóram díospóireachta d'ealaíontóirí agus staraithe rannpháirtithe ó institiúidí eile. Lean caidreamh rathúil na rannóige le Poetry Ireland ar aghaidh le sraith léamha earraigh agus samhraidh in 2011, le filí Tony Curtis, Leanne O'Sullivan, Jessie Lendennie, Bernard O'Donoghue, Noel Monaghan, Mary O'Donnell, Jean O'Brien agus Iggy McGovern.

## SIOMPÓISIAM

Sheol Jimmy Deenihan, TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta siompóisiam aon-lae ar 3 Samhain dar teideal *Future Forecasting: The Challenges Facing Museums and Cultural Institutions*. Den chéad uair riamh, bhí an siompóisiam á bheoshruthú ar an lá, rud a chiallaigh gur ghlac 322 rannpháirtí speisialta ó Éire, an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, an Pholainn,

an Ollainn, an Iorua, an Eastóin, an Fhionlainn, an Phortaingéil agus SAM páirt ann freisin. Bhí an siompóisiam seo i measc na dtrí sheoladh is mó tóir ar Twitter ar an lá. Cruthaíodh seoladh rphoist speisialta chun aiseolas agus tuairimí na ndaoine a d'fhreastail ar an imeacht sa Léachtlann a bhailiú. I measc na gcainteoirí bhí Martin Barden, Ceannaire Ballraíochta agus Ticéadaithe, Tate, Londain; an Dr Michael John Gorman, Stiúrthóir, The Science Gallery, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Fiona Kearney, Stiúrthóir, Gailearaí Lewis Glucksman, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus an tOllamh Sara Selwood, anailísí agus comhairleach cultúir neamhspleách, Ollamh le Beartas agus Bainistíocht Cultúir ar Cuairt, City University, Londain. Cuireadh críoch leis an siompóisiam, a reáchtáladh i gcomhar le LEM/Tionscadail um Líonra Foghlama Músaeim, le caint ó John Kelly, láithreoir agus craoltóir, faoi *Image of a Star*, an phortráid a rinne Louis le Brocquy de Bono. Rinne Ciain Nihill tuairisc faoin imeacht ar líne san *Irish Times* (3 Samhain).

### LEABHARLANN SHLEAMHNÁIN

Tá Leabharlann Shleamhnáin GNÉ (a bunaíodh i 1988) ina bhfuil sholáthraíonn íomhánna don fhoireann agus d'aoi-léachtóirí bogtha go dtí an Leabharlann. Déanfar íomhánna ón Leabharlann Shleamhnáin, thart ar 50,000 íomhá faoi stair na healaíne agus ábhar a bhaineann le healaín Éireannach agus an institiúid, a dhigitiú amach anseo.

### LÁITHREACHT AR LÍNE

Tá an roinn tiomanta dá láithreacht ar líne a fhorbairt ionas go mbeidh deis ag an bpobal léargas níos fearr a fháil ar an ngailearaí, le cois blag a fhorbairt chun daoine óga a mhealladh.

### LÉACHTLANN

Mar aon le háis do chlár poiblí an Ghailearaí, déanann comhlachtaí corparáideacha agus institiúidí oideachais an Léachtlann a thógáil ar cíos. Cíosú láithreach in 2011:

| | |
|---|---|
| 26 Bealtaine | Cumann Ailtireachta na hÉireann |
| 1 Meitheamh | An Coimisiún um Chearta an Duine |
| 13 Meitheamh | Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe Éireann |
| 23 Meitheamh | Ollscoil Notre Dame |
| 6 Lúnasa | Ollscoil Oscailte (ar siúl i seomra 20) |
| 10 Meán Fómhair | Ollscoil Oscailte (ar siúl in Uimh. 5) |
| 10 Deireadh Fómhair | Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe Éireann |
| 18 Samhain | Discover Science and Engineering |

## ATTENDANCE FIGURES 2011 – EDUCATION PROGRAMMES

| | Líon |
|---|---|
| **Eanáir** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 2049 |
| Am Teaghlaigh Maoirsithe (Aitriam) | 245 |
| Léachtaí an Domhnaigh | 239 |
| Léachtaí na Máirt | 358 |
| Clár Teaghlaigh an tSathairn | 245 |
| Léann Líníochta | 128 |
| Ealaín do Gach Aois | 60 |
| For-rochtain Scoileanna | 362 |
| Léann Ealaíne – Tráthnóna Déardaoin | 250 |
| **Iomlán mhí Eanáir** | **3936** |
| **Feabhra** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 2235 |
| Léachtaí an Domhnaigh | 177 |
| Léachtaí na Máirt | 289 |
| Clár Teaghlaigh an tSathairn | 169 |
| Briseadh Lár Téarma | 187 |
| Léann Líníochta | 128 |
| Ealaín do Gach Aois | 25 |
| Maidin Staidéir Portráidí | 50 |
| Léamha Filíochta | 204 |
| For-rochtain Scoileanna | 387 |
| For-rochtain Phobail | 136 |
| Léann Ealaíne – Tráthnóna Déardaoin | 484 |
| Lá Staidéir – Portráidí | 50 |
| **Iomlán mhí Feabhra** | **4521** |
| **Márta** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 2934 |
| Léachtaí an Domhnaigh | 150 |
| Léachtaí na Máirt | 311 |
| Ealaín do Gach Aois | 14 |
| Lá Staidéir – Ban-Ealaíontóirí | 90 |
| Léann Líníochta | 64 |
| Clár Teaghlaigh an tSathairn | 132 |
| For-rochtain Scoileanna | 347 |
| For-rochtain Phobail | 736 |
| Léann Ealaíne – Tráthnóna Déardaoin | 381 |
| Léacht Speisialta um Chultúr na Rúise | 32 |
| **Iomlán mhí an Mhárta** | **5191** |

| | Líon |
|---|---|
| **Aibreán** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 2509 |
| Léachtaí an Domhnaigh | 103 |
| Ranganna Líníochta i mbun Gnímh | 69 |
| Léachtaí na Máirt | 251 |
| Ceardlann um Ealaín do Gach Aois | 13 |
| Am Teaghlaigh Maoirsithe | 140 |
| For-rochtain Scoileanna | 35 |
| For-rochtain Phobail | 139 |
| Léann Ealaíne – Tráthnóna Déardaoin | 175 |
| Clár Teaghlaigh an tSathairn | 141 |
| **Iomlán mhí Aibreáin** | **3575** |
| **Bealtaine** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 2761 |
| Léachtaí an Domhnaigh | 157 |
| Léachtaí na Máirt | 301 |
| Léann Líníochta | 84 |
| Lá Líníochta an Ghailearaí | 200 |
| Líníocht na Saoire Bainc | 25 |
| Léacht Speisialta AAI | 135 |
| For-rochtain Phobail | 184 |
| Caint um Ealaín do Gach Aois | 22 |
| Léamha Filíochta Yeats | 102 |
| Clár Teaghlaigh an tSathairn | 69 |
| **Iomlán mhí na Bealtaine** | **4040** |
| **Meitheamh** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 2274 |
| Léachtaí an Domhnaigh | 95 |
| Ceardlanna an Domhnaigh um Ealaín Leanaí | 115 |
| Léachtaí na Máirt | 162 |
| Líníocht na Saoire Bainc | 32 |
| For-rochtain Phobail | 34 |
| Ceardlann um Ealaín do Gach Aois | 30 |
| Léann Líníochta | 84 |
| **Iomlán mhí an Mheithimh** | **2826** |

| | Líon |
|---|---|
| **Iúil** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 1923 |
| Seachtain 1 Cainteanna Léachtlainne & Scannáin ar Scáileán | 756 |
| Seachtain 2 Cainteanna Léachtlainne & Scannáin ar Scáileán | 867 |
| Seachtain 3 Cainteanna Léachtlainne & Scannáin ar Scáileán | 655 |
| Seachtain 4 Cainteanna Léachtlainne & Scannáin ar Scáileán | 801 |
| Ceardlanna Ealaíne Leanaí an Domhnaigh | 147 |
| Club Fionnachtana | 200 |
| Máistrí Beaga | 384 |
| For-rochtain Phobail | 212 |
| Turas um Ealaín do Gach Aois | 20 |
| **Iomlán mhí Iúil** | **5965** |
| | |
| **Lúnasa** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 575 |
| Seachtain 1 Cainteanna Léachtlainne & Scannáin ar Scáileán | 760 |
| Seachtain 2 Cainteanna Léachtlainne & Scannáin ar Scáileán | 841 |
| Seachtain 3 Cainteanna Léachtlainne & Scannáin ar Scáileán | 717 |
| Seachtain 4 Cainteanna Léachtlainne & Scannáin ar Scáileán | 793 |
| Seachtain 5 Cainteanna Léachtlainne & Scannáin ar Scáileán | 325 |
| Ceardlanna Ealaíne Leanaí an Domhnaigh | 118 |
| Líníocht na Saoire Bainc | 30 |
| Lá um Chearnóga Gairdín Chathair Bhaile Átha Cliath | 28 |
| Ceardlann um Ealaín do Gach Aois | 16 |
| **Iomlán mhí Lúnasa** | **4203** |
| | |
| **Meán Fómhair** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 785 |
| Léachtaí an Domhnaigh | 128 |
| Léachtaí na Máirt | 272 |
| Clár Faisnéise ar Scáileán | 47 |
| Oíche Chultúrtha | 1223 |
| For-rochtain Phobail | 178 |
| Imeachtaí um Ealaín do Gach Aois | 20 |
| Clár Teaghlaigh an tSathairn | 110 |
| **Iomlán mhí Mheán Fómhair** | **2763** |

| | Líon |
|---|---|
| **Deireadh Fómhair** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 2931 |
| Léachtaí an Domhnaigh | 156 |
| Léachtaí na Máirt | 419 |
| Clár Faisnéise ar Scáileán | 86 |
| Clár Teaghlaigh an tSathairn | 196 |
| Ceardlann Sóisir Teach Oscailte: | 30 |
| Léann Líníochta | 85 |
| For-rochtain Phobail | 545 |
| Ceardlann um Ealaín do Gach Aois | 12 |
| Portráidí agus Pearsantachtaí | 381 |
| Ceardlanna um an Briseadh Lár Téarma | 2 |
| **Iomlán mhí Dheir. Fómhair** | **4843** |
| | |
| **Samhain** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 1886 |
| Léachtaí an Domhnaigh | 124 |
| Léachtaí na Máirt | 259 |
| Léann Líníochta | 85 |
| Clár Faisnéise ar Scáileán | 69 |
| For-rochtain Phobail | 214 |
| Ceardlann um Ealaín do Gach Aois | 6 |
| Siompóisiam: Tuar na Todhchaí | 465 |
| Portráidí agus Pearsantachtaí | 272 |
| Lá Seanóirí Chathair Bhaile Átha Cliath | 31 |
| Clár Teaghlaigh an tSathairn | 171 |
| Ceardlanna um an Briseadh Lár Téarma | 167 |
| **Iomlán mhí na Samhna** | **3749** |
| | |
| **Nollaig** | |
| Turais mórthimpeall an Ghailearaí | 1400 |
| Léachtaí an Domhnaigh | 70 |
| Léachtaí na Máirt | 82 |
| For-rochtain Phobail | 20 |
| Clár Faisnéise ar Scáileán | 54 |
| Saoire Teaghlaigh Ealaíne na Nollag | 4627 |
| Clár Teaghlaigh an tSathairn | 63 |
| **Iomlán mhí na Nollag** | **6,253** |
| | |
| **Iomlán don Bhliain** | **51,865** |
| **Pacáistí Teaghlaigh** | 5604 |
| **Spás Aitriam** (Meastachán 30 duine 360 lá) | 10800 |
| **Paca Scríbhneoireachta/Líníochta** | 102 |
| **Pacáistí Ealaíne** | 48 |
| **Turais Speisialta** | 98 |
| | |
| **MÓRIOMLÁN** | **68,517** |


NATIONAL GALLERY OF IRELAND
Gallearaí Náisiúnta na hÉireann
CALENDAR 2012
FBD

# Forbairt

## TACAÍOCHT

Is mian le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann aitheantas a thabhairt do ghníomhaireachtaí rialtais, institiúidí, agus cuideachtaí corparáideacha atá tar éis a gcuid tacaíochta a thabhairt go flaithiúil i rith na bliana.

**Angelsea Funding** as ucht a gcuid tacaíochta trí mheán BNY Mellon.

**Bank of America Merrill Lynch** (BAML) as ucht na tacaíochta flaithiúil i leith Tionscadail Chaomhnaithe Maclise, *The Marriage of Strongbow and Aoife*.

**Business to Arts** agus **Bank of America Merrill Lynch** as ucht a gcuid tacaíochta i ndáil leis an gcúrsa bailithe airgid *For Impact*.

**Fáilte Éireann** as ucht a gcuid tacaíochta don taispeántas, *Gabriel Metsu*.

**FBD** as ucht a gcuid tacaíochta leanúnaí d'Fhéilire Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

**Google Grants** as ucht a gcuid tacaíochta le Adwords.

**Hakuhodo DY Media Partners** as ucht a gcuid tacaíochta croíúil don Ghailearaí.

**HW Wilson** as ucht a gcuid tacaíochta i ndáil le seirbhísí taighde na leabharlainne.

**Ireland Funds** as ucht a gcuid tacaíochta croíúil don Ghailearaí.

**Irish Independent** as ucht a gcuid tacaíochta don iatán Oideachais (Samhain).

**Matheson Ormsby Prentice** as ucht tacú le Cláir Leanaí agus Teaghlaigh.

**Ogilvy Ireland** as ucht a gcuid tacaíochta cruthaitheach.

**RTÉ Supporting the Arts** as ucht fógra Turner a chraoladh.

National Gallery of Ireland Calendar 2012,
Le tacaíocht ó FBD

# Cairde

## BALLRAÍOCHT

Bhí ballraíocht Cathaoirleachde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann cothrom le 1,466 ag 31 Nollaig, lenar áiríodh 29 Pátrún de chuid Ealaín na hÉireann agus 5 Chomhalta Corparáideacha ina measc. Chláraigh líon iomlán 287 comhalta nua i rith na bliana (108 Duine Aonair; 100 Lamháltas; 79 Teaghlach). As na ballraíochtaí nua ceannaithe, Balllraíochtaí Bronntanais ba ea 85 díobh.

## LÉACHTAÍ

Reáchtáiltear léachtaí na gcairde ag Uimh. 5 Sráid Laighean Theas, agus bíonn an-fhonn ar dhaoine freastal orthu agus bíonn idir 60-70 ball i láthair ag gach léacht. San áireamh i gclár cainteanna 2011 bhí sraith léachtaí a eagraíodh thart ar an am céanna le turas na gcairde chuig an Rúis agus Cúrsa sa Mhínealaíon & san Ealaín Mhaisiúil;

*Percy Bysshe Shelly's Address to the Irish People,* le Paul O' Brien, staraí liteartha (26 Eanáir).

*The Origins of University College Dublin – The Belfield Campus* le Graham Dwyer, ailtire (16 Feabhra).

*The Life and Times of Painter and Naturalist Alexander Williams, RHA* le Gordon Ledbetter, Scríbhneoir agus craoltóir (23 Feabhra).

*Milestones in the History of Russia,* le Nadia Browne, Roinn na Rúise, TCD (29 Márta).

*Treasures of the Hermitage* le Hanne Gray, staraí ealaíne na Danmhairga agus speisialtóir in ealaín na Rúise (12 Aibreán), agus *The Development of Russian Painting in the 19th Century* (27 Aibreán).

*St. Petersburg and its Palaces* le John O'Connell, ailtire (11 Bealtaine).

*The Art of Fashion: from Drawing to Dress,* le Peter O'Brien, dearthóir (11 Bealtaine).

*Storehouses of Treasures in Irish Museums* leis an Dr. Marie Bourke, Coimeádaí & Ceannaire Oideachais, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (26 Deireadh Fómhair).

*The Unconventional Potter: Creator of Contemporary Ceramic Art* le Caomhán Mac Con Iomaire, Ceirmeoir agus Cúntóir Oideachais (15 Samhain).

*Pictures in the Hallway: Seán O'Casey – Art and Theatre* le Paul O'Brien, údar agus staraí, (30 Samhain).

*Reflections on 20 Years of the Dublin Docklands* le Seán Ó Laoire PPRIAI, ailtire agus sainchomhairleach um Máistirphlean 2008 de chuid Údaráis Forbartha Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath (26 Samhain).

*Treasures of Constantine and the Ottoman Empire* le Maureen Beary Ryan, Riarthóir Cairde (11 Aibreán, Músaem Hunt, Luimneach).

### TURAIS SEACHTAINIÚLA NA GCAIRDE

Is iad Coimeádaithe GNÉ, Treoraithe ón Roinn Oideachais agus Riarthóir Cathaoirleachde GNÉ a eagraíonn turais sheachtainiúla na gcairde. Bíonn na turais ar siúl gach Céadaoin (12 meán lae) agus gach Aoine (10.30am, 11.30am) agus cuid de na turais é dul chun féachaint ar thaispeántais i ngailearaithe áitiúla.

### TURAIS LAE

Ba é *A Great Georgian Street Revealed, North Great George's Street, Dublin* téama an lae ar an 19 Feabhra nuair a thug an Dr. Conor Lucy comhaltaí ar thuras treoraithe a d'áirigh cuairt ar roinnt tithe príobháideacha, Uimh. 11, Uimh. 38 agus Uimh. 50. Mar gheall ar an éileamh a bhí ar an turas seo eagraíodh an dara imeacht ar an 16 Aibreán. I measc na n-imeachtaí a eagraíodh san RDS ar an 16 Márta bhí *New Shows at the RDS*, tráth ar eagraigh an Dr. Patrick Murphy turas speisialta den taispeántas *Dearc: Celebrating 150 Years of the RDS Taylor Art Award,* á leanúint ag caint i Seomra na Comhairle agus cuairt chuig *Tutankhmun: His Tomb and Treasures*.

I rith míonna an tsamhraidh, d'áirigh roinnt turas lae, ar ghlac uasmhéid 53 comhalta páirt iontu, aghaidh a thabhairt ar Iarthar na Mí agus cuairt ar Chaisleán Bhaile an Locha agus turas mórthimpeall an tí agus na ngairdíní, turas mórthimpeall ar Theach Ard Breacáin (30 Meitheamh); Lodge Park, Strafán agus an Músaem Gaile iontach spéisiúil (16 Iúil). Fuair comhaltaí deis blaiseadh a fháil ar shaol na hIodáile i gCo. Chorcaí nuair a thug siad cuairt ar Chill Seanaigh, Ráth Chormaic, agus nuair a chonaic siad an obair phláistir den chéad scoth a rinne stuccodore na Sicile Filippo Lafranchini, le cois cuairt a thabhairt ar Theach Bhaile Uí Mhothláin, Mainistir Fhear Maí (26 Iúil).

San áireamh i gclár an fhómhair bhí cuairt ar shuíomh Chath na Bóinne lena n-áirítear cainteanna, radharc ar shamhail láthair an chatha agus taispeántais armra, mar aon le turas mórthimpeall ar Sheanmhainistir Chistéirseach na Mainistreach Móire béal dorais agus cuairt ar an taispeántas 'The Surreal in Irish Art' i nDánlann Chathrach Highlanes (28 Meán Fómhair). Cuid den turas lae *Pages that Changed History*, ba ea cuairt a thabhairt ar Leabharlann Chester Beatty, an Chartlann Náisiúnta agus Leabharlann Marsh, áit ar labhair an Dr Muriel McCarthy díreach sular éirigh sí as a post mar Choimeádaí na Leabharlainne (12 Deireadh Fómhair). Rinneadh iniúchadh ar Oidhreacht Fhine Gall trí chuairt a thabhairt ar Theach Droichead Nua, Domhnach Bat, Caisleán Shoird agus Caisleán Ard Giolláin, Baile Brigín (22 Deireadh Fómhair). Thug an t-imeacht The Hidden World of Dublin Design na cairde chomh fada leis an Design Tower ar an gCanáil Mhór i mBaile Átha Cliath mar aon le léiriú sa Mhúsaem Náisiúnta Cló ag Tor an Bhacaigh (10 Samhain).

### TURAIS CHULTÚRTHA

Chuaigh 25 Cairde ar thuras an earraigh chuig an Rúis (20-29 Bealtaine), turas a bhí eagraithe agus faoi stiúir an Riarthóra Cairde le cabhair ó threoraithe áitiúla. Caitheadh an chéad chúig lá i Moscó áit ar thug baill cuairt ar an gCreimil agus na hArdeaglaisí ann, Cruinneachán Eaglais Chríost an tSlánaitheora agus an Músaem Armlainne. Agus iad ar shiúlóid tríd an gCearnóg Dhearg thug na cuairteoirí cuairt ar Thuama Lenin agus Ardeaglais Naomh Basil. Bhí léargas breá le fáil sa bhailiúchán iontach íocón meánaoiseach agus ealaín na Rúise i nGailearaí Tretyakov ar stair agus ar chultúr mhuintir na Rúise, lena

n-áirítear turas mórthimpeall ar bhailiúchán suntasach na Impriseanaithe agus Iarimpriseanaithe i Múseam Mínealaíne Puskin. Níos faide ó bhaile, thug Cairde cuairt ar Mhainistir Naomh Sergius i mbaile Sergiev-Possad agus Teach Leo Tolstoy. Le linn turas cúig lá ar Chathair Pheadair, fuair baill deis féachaint ar bhailiúcháin sa Hermitage mar aon le cuairt a thabhairt ar Phálas Catherine ag Tsarskoye Selo, baile theaghlach ríoga Romanov; na páláis ag Pavlovsk agus Peterhof, ar Mhurascaill na Fionlainne; Pálás Konstantine; agus Pálás Yousupoff, an áit ar dúnmharaíodh Rasputin in 1916. Chuathas chomh fada le hArdeaglais Naomh Íosác agus b'ábhar spéise an radharc iontach Barócach laistigh agus tugadh cuairt chomh maith céanna ar Eaglais na Fola Doirte *[Church of the Spilled Blood]*.

D'fhreastail 17 Cairde ar Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman áit a ndeachaigh siad ag dhá léiriú tráthnóna, *Gianni di Parigi* agus *La Cour de Célimène, mar aon le dhá Cheadal tráthnóna agus ceoldráma gairid ag am lóin* (2– 4 Samhain).

### CLÁR NA NOLLAG

D'fhreastail thart ar 140 comhalta agus aoi ar Cheolchoirm Nollag na gCairde ar an 15 Nollaig i mBialann an Wintergarden áit a raibh cór óg Penston Vocal Academy le cloisteáil mar aon leis an veidhleadóir 14 bliain d'aois Phoebe White agus a dearthár Killian atá 11 bliain d'aois.

**Thíos:**
Dugthailte Bhaile Átha Cliath



# Foilseacháin & Miondíol

## SIOPA AN GHAILEARAÍ

Ó tharla gur cuireadh tús leis an MPF i mí an Mhárta, agus go raibh laghdú iarmhartach ar líon na gcuairteoirí agus go ndearnadh an clár taispeántais a chiorrú, creideadh go laghdódh an láimhdeachas sa Siopa in 2011 chomh maith céanna. Cúis áthais dúinn nach mar sin a tharla, áfach. D'fhan an líon cuairteoirí a thug cuairt ar an Siopa mórán mar a chéile mar gheall ar an bpointe rochtana singile do chuairteoirí ag bealach isteach Sciathán na Mílaoise i Sráid an Chláraigh. Dá thoradh sin, bhí ioncam 2011 mórán mar a chéile le hioncam na bliana 2010, éacht suntasach i bhfianaise na ndeacrachtaí atá le tabhairt faoi deara san earnáil mhiondíola go ginearálta.

In 2011, chaith an Siopa dua le meascán níos fearr táirgí a sholáthar. Léargas ba ea an laghdú ar dhíolachán leabhar mar gheall ar fhorbairtí r-leabhair agus teicneolaíochtaí táibléid go mbeadh gá le réimse níos leithne táirgí amach anseo. Laghdaíodh leibhéal an stoic leabhar agus leagadh béim athnuaite ar cheardaíocht déanta in Éirinn. Ba é 2011 Bliain na Ceardaíochta freisin agus deis iontach a bhí ann na táirgí nua seo a thabhairt isteach sa siopa agus tacú le feachtas náisiúnta Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann. I mí an Mheithimh, shuiteáil Irish Design Shop siopa sealadach don mhí chun léargas a thabhairt ar scoth na Ceardaíochta agus an Dearaidh Éireannaigh. Mheall an feachtas poiblíochta seo go leor cuairteoirí ó thar lear agus cuairteoirí Éireannacha araon.

In 2011, forbraíodh gníomhaíochtaí ceadúnaithe an tSiopa chomh maith céanna. Svíníodh comhaontuithe le Pomegranate International agus Gill and Macmillan d'fhonn níos mó úsáide a bhaint as bailiúchán léaráidí Harry Clarke an Ghailearaí. In 2012 seolfar marsantú nua bunaithe ar na saothair, earraí a bheidh ar díol ar an margadh domhanda. Tugadh aitheantas an athuair do chaighdeán foilseachán ealaíne an Ghailearaí in 2011 tráth ar bronnadh an gradam don 'Mhúsaem agus Féilire Gailearaí is Fearr 2011' ar an nGailearaí i Halla Stationers i Londain ar 19 Eanáir.

## FOILSEACHÁIN AN GHAILEARAÍ

*National Gallery of Ireland Diary 2012*
Comhfhoilsithe le Gill and Macmillan
ISBN 9780717150274

*National Gallery of Ireland Calendar 2012*
Foilsithe i gcomhar le FBD
ISBN 9781904288435

## BRÓISIÚIR THAISPEÁNTAIS

*Colour and Light: Caring for Turner's Watercolours*
Téacs de chuid Ewelina Bykuc, Ranson Davey, Anne Hodge, Niamh McGuinne, Niamh MacNally (Eanáir 2011)

*The Gift of Knowledge: Enriching the Library and Archive Collections*
Téacs de chuid Raymond Keaveney, Andrea Lydon, Donal Maguire, Catherine Sheridan, Pauline Swords (Deireadh Fómhair 2011)

# leabharlann na bpictiúr

Bliain thar a bheith gnóthach ba ea 2011 le breis agus 15,000 fiosrúchán faighte. Tugadh méadú 13% faoi deara ar dhíolachán i gcomparáid le figiúirí 2010.

### TIONSCADAL BOGEARRAÍ UM LEABHARLANN NA BPICTIÚR

Caitheadh go leor den bhliain ag obair ar TF agus i mbun sonraíochtaí teicniúla/doiciméad soláthair a ullmhú le haghaidh córas Bainistíochta Leabharlann Pictiúr/Sócmhainní Digiteacha le cúloifig chasta chomhtháite riaracháin agus clár tosaigh gréasáin r-thráchtáil lánoiriúnaithe. Táthar ag súil go mbronnfar an conradh go luath in 2012.

### MEITEASHONRAÍ AGUS COMHAID ÍOMHÁ

Rinneadh dul chun cinn chomh maith ar mheiteashonraí a ionsá i gcomhaid dhigiteacha, agus tá beagnach 1,000 comhad comhordaithe agus réidh le huaslódáil i gCóras nua Bogearraí Leabharlann na bPictiúr. Beidh sé seo ag freastal ar áis Priontáil ar Éileamh Shiopa an Ghailearaí chomh maith.

### MARSANTÚ

Forbraíodh conarthaí marsantaithe éagsúla do chuideachtaí atá bunaithe sna Stáit Aontaithe agus sa tSeapáin.

### SCANNÁNAÍOCHT TRÁCHTÁLA

Dréachtaíodh conarthaí nua maidir le scannánú ar an áitreabh. In ainneoin srian áirithe a bheith ar scannánú mar gheall ar chlár athchóirithe GNÉ, cuireadh roinnt tionscadal i gcrích i rith na bliana.

-Rinne Bigfoot Productions i gcomhar le TV Man Union (An tSeapáin), scannánú ar chlár faisnéise faoi Caravaggio do mhargadh na Seapáine i mí an Mhárta. Rinneadh an scannánú i Sciathán na Mílaoise agus Uimh. 5 in aon lá amháin agus rinneadh agallamh le Raymond Keaveney chomh maith céanna.

-Rinne Midas Productions scannánú sa Ghailearaí agus i Seomra na bPriontaí do chlár faisnéise faoi *The Nude in Irish Art*

-Rinne Dearg Films scannánú ar an áitreabh in Aibreán agus rinneadh agallamh le Adrian LeHarivel do chlár faisnéise TG4 faoin Hellfire Club.

-Rinne RTÉ scannánú ar phriontaí in Priontaí agus Líníochtaí do chlár faisnéise a taispeánadh nuair a bhí Banríon Eilís II in Éirinn i mí na Bealtaine.

### TUARASCÁLACHA

Cuireadh dhá thuarascáil faoi bhráid na Roinne Post, Fiontar & Nuálaíochta i rith na bliana maidir le Treoracha AE faoi (i) Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara agus (ii) Saothair Dhílleachtacha

# Leabhair agus Airteagail foilsithe ag an bhFoireann

**An Dr Marie Bourke**
*The Story of Irish Museums 1790-2000, Culture, Identity and Education,* Cló Ollscoile Chorcaí, 2011

**Anne Hodge**
'*Edvard Munch Prints* at the National Gallery of Ireland – a loan exhibition from a curator's perspective', iris bhliantúil Chumann Músaem na hÉireann: *Museum Ireland* 2010, Iml. 20, lch.89-95

Léirmheas taispeántais: 'Arigna Mining Experience', iris bhliantúil Chumann Músaem na hÉireann: *Museum Ireland* 2010, Iml. 20, lch.136-137

'Before the Great Famine: William Evans of Eton's Views of the West of Ireland', *Irish Arts Review*, geimhreadh 2011, lch. 4 – 7

**Adrian Le Harivel**
Léirmheas leabhair: 'Irish Architectural and Decorative Studies' Imleabhar XIII de chuid Chumann Seoirseach na hÉireann le haghaidh *Irish Arts Review,* earrach 2011

**Niamh MacNally**
Téacs tosaigh, *Harry Clarke's Illustrations for Hans Christian Andersen's Fairy Tales,* leagan nua-aimseartha den leabhar léaráidí le haon mhacasamhail dhéag de chuid léaráidí Clarke ó bhailiúchán GNÉ. Foilsithe ag Gill & Macmillan, 2011

**An Dr Brendan Rooney**
'Cheating the Fell Destroyer: Trevor Thomas Fowler', *Irish Arts Review*, iml.28, uimh.3 fómhar 2011, lch. 112-15

**Dónal Maguire**
'Darkside Chronicles: Sheila Rennick', *Irish Arts Review, samhradh* 2011.

*Aiste, 'Our commanders-in-Chief and Chiefs of Staff' in 'Chiefs of Staff: the portrait collection of the Irish defence forces' curtha in eagar ag an gCornal Tom Hodson, Meitheamh* 2011

**An Dr Adriaan Waiboer**
'A Clean Competition: Some Hypotheses on Vermeer's Lost *Gentleman Washing His Hands*' i: A.W.A. Boschloo, S.S. Dickey, N.C. Sluijter-Seijfert, J.N. Coutré (eag), *Aemulatio: Essays in Honour of Eric Jan Sluijter*, Amstardam 2011, lch. 407–18

## COMHDHÁLACHA & CEARDLANNA

**Leah Benson agus Pauline Swords**
Oiliúint do rannpháirtithe maidir le Tairseach Acmhainní Chartlann na hÉireann a úsáid i Leabharlann & Cartlann Cathrach Bhaile Átha Cliath (31 Márta)

**An Dr Marie Bourke**
*Comhdháil Chumann Músaem na hÉireann 'The Way Forward:* Sustainability & the Museum, in Ionad Ealaíon Dhroichead Átha, Droichead Átha (27 Feabhra)

Cruinniú an Tionscadail um Líonra Foghlama Músaeim (LEM), 'Key Trends in Museums of the Future', Ard-Mhúsaem na Breataine Bige, Cardiff, (19-20 Bealtaine)

Cathaoirleacht ar sheisiún ag Comhdháil Daonnachtaí Míochaine TCD: *'Narratives of Health and Illness Across the Lifespan', Acadamh Ríoga na hÉireann (16 Meitheamh)*

*Cathaoirleacht ar sheisiún ag comhdháil ICOM CECA 'Quality criteria for Museum Education', a raibh rannpháirtithe ó 40 tír páirteach ann, Ságrab, An Chróit (16-21 Meán Fómhair)*

**Catherine Coughlan**
*The Ideal Museum*, Ceardlann, GNÉ, (20-21 Meitheamh)

**Ewelina Bykuc**
Cumann Caomhnóirí agus Athchóiritheoirí Gairmiúla na hÉireann, Cruinniú Iomlánach an Earraigh, Músaem Uladh, (11 Meitheamh)

*Pigment analysis using X-Ray Fluorescence*, Ceardlann, Roinn Caomhnaithe Leabharlann Choláiste na Tríonóide (7 Deireadh Fómhair)

**Brina Casey**
Ceardlann Léirmhínithe na Comhairle Oidhreachta 'Enhancing your Visitor Experience through Interpretation', ag Áras na Scríbhneoirí, Baile Átha Cliath (6 Deireadh Fómhair)

Comhdháil Bhliantúil Chumann Múinteoirí Ealaíne na hÉireann, 'Charting the Future in Art Education' Óstán an Camden Court, Baile Átha Cliath (7 Deireadh Fómhair)

**Ranson Davey**
Ceardlann Accurate Elemental Non-destructive X-Ray Fluorescence, Ollscoil Luimnigh (3 Márta)

Ceardlann Old Master Drawing Techniques, Músaem Fitzwilliam, Cambridge (7-8 Aibreán)

**Ranson Davey agus Ewelina Bykuc**
Pigment analysis using X-Ray Fluorescence, Ceardlann, Roinn Caomhnaithe Leabharlann Choláiste na Tríonóide (7 Deireadh Fómhair)

**Anne Hodge**
The Way Forward: Sustainability and the Museum, Comhdháil Bhliantúil Chumann Músaem na hÉireann, Ionad Ealaíon Droichead, Droichead Átha (25-27 Feabhra)

Salon de Dessins, Musée du Louvre agus áiteanna eile, Páras (28-30 Márta)

Seachtain na Máistir-Líníochtaí, turais agus léachtaí, láithreacha éagsúla, Londain, (6 Iúil)

"Is it getting hot in here?" Museums and green issues, University College London, (4 Iúil)

Máistir-rang Institiúid Daonnachtaí Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ar luathchultúr priontaí nua-aimseartha i Leabharlann Marsh, Clós Phádraig, (22 Samhain)

Freastal (mar Rúnaí) ar Chruinniú Bliantúil Fhóram na gCoimeádaithe Priontaí, Tate Britain, Millbank, Londain, (24 – 25 Samhain)

**Raffaella Lanino**
Collective Imagination, Comhdháil a dhírigh ar fhorbairtí is déanaí an chórais bainistíochta bailiúcháin (TMS), Londain, (30-31 Márta)

*Collections at risk: safeguarding our cultural heritage*, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (20 Meitheamh)

**Aoife Lyons, Andrew Moore, Pauline Swords, Iain Wynne Jones, Mary Wynn**
Ceardlann Caring for Collections, Leabharlann Chester Beatty, Baile Átha Cliath (7 Iúil)

**Muirne Lydon**
*CHARISMA-ARCHLAB*, Ceardlann (Cultural Heritage Advanced Research Infrastructure: EU project for a Multi-disciplinary Approach to Conservation) le Músaem Prado i mbun taighde agus anailíse eolaíochta ar shraith *Prodigal Son* de chuid Bartolomé Esteban Murillo (NGI 4540 – 4545) (3-6 Bealtaine)

Pigment analysis using X-Ray Fluorescence, Ceardlann, Roinn Caomhnaithe Leabharlann Choláiste na Tríonóide (7 Deireadh Fómhair)

Cumann Caomhnóirí agus Athchóiritheoirí Gairmiúla na hÉireann, Cruinniú Cinn Bliana, Ard-Mhúsaem na hÉireann (12 Samhain)

**Caomhán Mac Con Iomaire**
*'Craft Conscious: Re-shaping global futures in the innovation age', comhdháil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath (9 Meitheamh)*

**Niamh McGuinne**
'Conservation Bindings', ceardlann oiliúna lae, an Chartlann Náisiúnta (10 Bealtaine)

**Niamh McGuinne agus Ewelina Bykuc**
Cumann Caomhnóirí agus Athchóiritheoirí Gairmiúla na hÉireann (IPCRA), Lánchruinniú an Earraigh, Músaem Uladh, Béal Feirste (11 Meitheamh)

Institiúid um Chaomhnú Saothar Stairiúil agus Saothar Ealaíne in Éirinn (ICHAWI), Cruinniú Cinn Bliana, GNÉ (6 Meán Fómhair)

**Niamh McGuinne agus Ele von Monschaw**
Cur i láthair dar teideal The Ideal Museum – Stable Environments for the Ideal Museum forum, GNÉ (21 Meitheamh)

**Simone Mancini**
The Ideal Museum, Ceardlann, Dresden, (2-3 Feabhra) agus GNÉ (20-21 Meitheamh)

Institiúid um Chaomhnú Saothar Stairiúil agus Saothar Ealaíne in Éirinn (ICHAWI), Cruinniú Cinn Bliana, GNÉ (6 Meán Fómhair)

**Susan O'Connor**
'The Way Forward: Sustainability and the Museum', Comhdháil Bhliantúil Chumann Músaem na hÉireann, Ionad Ealaíon Dhroichead Átha, Droichead Átha, (25-27 Feabhra)

**An Dr Brendan Rooney**
*The Ideal Museum*, Ceardlann, Dresden (2-3 Márta) agus GNÉ (20-21 Meitheamh)

**Catherine Ryan**
'Honest to Blog: A symposium on web legitimacy' i Seomra Long Hub na Tríonóide, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (4 Márta)

**Catherine Ryan agus Claire Crowley**
'Rethinking Technology in Museums', comhdháil a reáchtáil an Interactive Design Centre in Ollscoil Luimnigh agus Cumann Músaem na hÉireann (26 & 27 Bealtaine)

Comhdháil Bhliantúil ICOM CECA (Ságrab) trí bheoshruthú agus Twitter (20 Meán Fómhair)

**Kim Smit**
The Ideal Museum, Ceardlann, Dresden, (2-3 Feabhra) agus GNÉ, (20-21 Meitheamh)

Collection Mobility 2.0 Lending for Europe 21st Century, Búdaipeist, (23-25 Feabhra)

**Pauline Swords**
Cumann Leabharlann na hÉireann, Seimineár Bliantúil an Ghrúpa Innéacsaithe & Catalógaithe,

"Describing the Digital Object", i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (25 Feabhra)

'Building a Transparent Society'; comhchruinniú de Chumann Cartlann agus Taifead na hÉireann agus Cumann Bainistíochta Taifead na hÉireann, ag PRONI, Béal Feirste (9 Meitheamh)

**Ell von Monschaw**
Cumann Caomhnóirí agus Athchóiritheoirí Gairmiúla na hÉireann, Lánchruinniú an Earraigh, Músaem Uladh, (11 Meitheamh)

Institiúid um Chaomhnú Saothar Stairiúil agus Saothar Ealaíne in Éirinn (ICHAWI), Cruinniú Cinn Bliana, GNÉ (6 Meán Fómhair)

Pigment analysis using X-Ray Fluorescence, Ceardlann, Roinn Caomhnaithe Leabharlann Choláiste na Tríonóide (7 Deireadh Fómhair)

Cumann Caomhnóirí agus Athchóiritheoirí Gairmiúla na hÉireann, Cruinniú Cinn Bliana, Ard-Mhúsaem na hÉireann (12 Samhain)

**An Dr Adriaan Waiboer**

Cathaoirleacht agus freastal ar chomhdháil Codart (Cumann Coimeádaithe Ealaín na hÍsiltíre agus na Beilge), Rijksmuseum Twente, Enschede, (20-22 Márta)

*Artistic and Economic Competition in the Amsterdam Art Market (ECARTICO)*, Ollscoil Amstardam, Bethaniënklooster, Amstardam, (9-10 Nollaig2011)

## LÉACHTAÍ TUGTHA AG AN BHFOIREANN IN INSTITIÚIDÍ EILE

**Leah Benson**
'Digitisation of archive collections in the National Gallery of Ireland' ag Cumann Leabharlann na hÉireann, Seimineár Bliantúil an Ghrúpa Innéacsaithe & Catalógaithe, "Describing the Digital Object", Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (25 Feabhra)

**An Dr Marie Bourke**
Cur i láthair, *'Art Packs: ways of engaging visitors creatively with the collections'* ag an gcomhdháil ICOM CECA 'Quality criteria for Museum Education', ina raibh rannpháirtithe ó 40 tír, Zagreb, an Chróit (16-21 Meán Fómhair).

Spreagaitheasc, *'National Galleries: Ireland and Scotland and National Identity'* ag an Naoú Comhdháil Bliantúil NEICN, Ireland & Scotland, Barriers & Borderland, in Ollscoil Sunderland (11-13 Samhain)

Seimineár, *Aspects of the Museum Operation on the Museums Module,* d'iarchéimithe an MA i mBeartas Cultúrtha & Riarachán Ealaíon, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (23 Samhain)

*Seimineár, Museum Programming and Projects d'iarchéimithe an M. Phil i* Stair Phoiblí agus Oidhreacht Chultúrtha, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (15 Nollaig)

**Brina Casey**
Cur i láthair comhpháirteach, 'ARThritis!' leis an Dr Ronan Mullen, AMNCH & an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ag Comhdháil na nDaonnachtaí Míochaine, *Narratives of Health and Illness Across the Lifespan*, a reáchtáladh in Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath (15-16 Meitheamh)

Cur i láthair, *'Moving On – National Gallery of Ireland and Arts & Health'* ag Comhdháil Daonnachtaí Míochaine TCD, Acadamh Ríoga na hÉireann (16 Meitheamh)

**Anne Hodge**
*Italian Renaissance Drawings,* i Roinn na Staire, OÉ Má Nuad, (28 Deireadh Fómhair)

**Adrian Le Harivel**
*The Restoration of Art and Music under Charles II* don chúrsa Fine and Decorative Arts IPAV, (3 Márta)

**Muirne Lydon**
*The Examination and Restoration of 'The Prodigal Son' series by Bartolomé Esteban Murillo,* ag chéad Chruinniú Úsáideoirí CHARISMA (Cultural Heritage Advanced Research Infrastructures: Synergy for a Multidisciplinary

Approach to Conservation/Restoration), Lárionad Taighde agus Athchóirithe do Mhúsaeim na Fraince, Múseam an Louvre (6 – 7 Meitheamh)

**Niamh MacNally**
*The Natural World and the Environment in Modern and Contemporary Art*, Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (11 Eanáir)

*The Influence of Primitive Art on Modernism*, Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (25 Eanáir)

*Catching a Likeness – Traditional and Contemporary Approaches to Portraiture*, Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (11 Deireadh Fómhair)

*The Nude in Modern and Contemporary Art*, Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha(18 Samhain)

*Drawing Today – New Perspectives on Contemporary Drawing,* Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (30 Samhain)

**Niamh McGuinne**
*'Environment'* – cruinniú idirinstitiúideach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (1 Márta).

**Dónal Maguire**
'Portraiture in Ireland' do mhic léinn MPhil mar chuid den tsraith léachtaí Irish Art in Context ag TRIARC, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (7 Feabhra)

Cathaoirleacht ar chéad Ghrúpa Léitheoireachta Chumann Taighde Stair Chultúrtha na hÉireann. Téacs: *Tuxedo Junction, 1960: Gerard Byrne*, foilsithe ag Lismore Castle Arts mar cheiliúradh ar thaispeántas Gerard Byrne 24 Aibreán – 30 Meán Fómhair 2010 (23 Feabhra)

'John Butler Yeats and his Contemporaries', Léann Ealaíne 2011, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (3 Márta)

I gceannas ar an seimineár *'Portrait Collections: Does Your National Portrait Collection Represent you?'TRIARC,* Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (14 Márta)

**Catherine Ryan agus Claire Crowley**
Cur i láthair um Acmhainn Caomhnaithe Ar Líne Maclise ag fáiltiú le haghaidh Bank of America Merrill Lynch, eagraithe ag Business to Arts, Uimh.5 Sráid an Chláraigh (24 Deireadh Fómhair)

**Catherine Sheridan**
Cur i láthair 'Resources for researchers and gallery professionals and the on-line presence of the exhibition *Gabriel Metsu: Rediscovered Master of the Dutch Golden Age*', Ceardlann Decipher, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (4 Aibreán)

**Adriaan Waiboer**
*Gabriel Metsu*, sa Paradiso, Amstardam, eagraithe ag Rijksmuseum, Amstardam (21 Eanáir)

*Gabriel Metsu and the Mutual Relationships of Dutch Genre Painters*, lá staidéir i gcomhar leis an taispeántas *Gabriel Metsu: A Master Rediscovered*, Rijksmuseum, Amstardam (23 Feabhra)

*Vermeer's Change from History to Genre Painter*, lá staidéir i gcomhar leis an taispeántas *The Young Vermeer*, National Galleries of Scotland, Edinburgh, (5 Márta)

*Meeting Metsu: ANOTHER Dutch Master*, díospóireacht phoiblí, Gailearaí Náisiúnta Ealaíne, Washington (22 Aibreán)

*The History of the Beit Collection*, lá staidéir eagraithe ag Cumann Seoirseach na hÉireann i gcomhar le haonad um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, Teach Russborough, Baile Coimín, Co. Chill Mhantáin (22 Deireadh Fómhair)

# Foireann amhail an 31 Nollaig 2011

## OIFIG AN STIÚRTHÓRA
***Stiúrthóir***
Raymond Keaveney

***Cúntóir Pearsanta an Stiúrthóra***
Marise Darragh

## RANNÓG NA MBAILIÚCHÁN
***cúntóir na mBailiúchán***
Catherine Coughlan

## FEIGHLÍOCHT
***Coimeádaí Priontaí agus Líníochtaí***
Anne Hodge
***Coimeádaí um Ealaín na Breataine***
Adrian Le Harivel
***Coimeádaí um Ealaín na hEorpa 1850-1950***
Janet McLean
***Coimeádaí um Ealaín na hÉireann***
An Dr Brendan Rooney
***Coimeádaí um Ealaín na hEorpa Thuaidh***
An Dr Adriaan Waiboer
***Coimeádaí Cúnta – Priontaí agus Líníochtaí***
Niamh MacNally

## CAOMHNÚ
***Ceann an Chaomhnaithe***
Simone Mancini
***Coimeádaí Cúnta (Péintéireachtaí Tacais)***
Elline von Monschaw
***Caomhnóir Péintéireachtaí***
Muirne Lydon
***Caomhnóir Páipéir***
Niamh McGuinne
***Caomhnóir Cúnta Páipéir***
Ewelina Bykuc
***Caomhnóir Cúnta Páipéir***
Ranson Davey

## TAISPEÁNTAIS
***oifigeach Taispeántas***
Susan O'Connor

## GRIANGHRAFADÓIREACHT
***grianghrafadóir***
Roy Hewson
***Grianghrafadóir Cúnta***
Christopher O'Toole

## CLÁRAITHEOIR
***Cláraitheoir***
Kim Smit
***Cláraitheoir Cúnta***
Caroline Clarke
***Cúntóir Doiciméadaithe***
Raffaella Lanino
***Láimhseálaí Ealaíne Sinsir***
Kevin Kelly
***Láimhseálaithe Ealaíne***
Graham Cahill
Luke O'Callaghan
Shane Power

## OIDEACHAS
***Coimeádaí agus Ceannaire Oideachais***
An Dr Marie Bourke

***Oifigeach Oideachais – Riarachán***
Joanne Drum
***Oifigeach Oideachais – For-rochtain***
Brina Casey
***Oifigeach Oideachais – Scoileanna***
Helen Monaghan
***Cúntóir Oideachais***
Caomhán Mac Con Iomaire ***(páirtaimseartha)***

## LEABHARLANN & CARTLANNA
***Leabharlannaí***
Andrea Lydon
***Cartlannaí***
Leah Benson
***Leabharlannaí Cúnta***
Catherine Sheridan
***Riarthóir CSIA (Gníomhach)***
Dónal Maguire
***Cartlannaí Yeats (Ciste Comhaltachta GNÉ)***
Pauline Swords
***Cúntóir na Meán Digiteach – Láithreán Gréasáin***
Catherine Ryan
***Cúntóir na Meán Digiteach***
Claire Crowley
***Cúntóirí Leabharlainne***
Aoife Lyons (páirtaimseartha)
**Andrew Moore**
Mary Wynne
Iain Wynn-Jones (páirtaimseartha)

## FORBAIRT & IMEACHTAÍ
***Oifigeach Forbartha***
Orla O'Brien

## SEIRBHÍSÍ CUAIRTEORA
***Oifigeach Seirbhísí Cuairteora***
Síle Boylan
***Riarthóir Imeachtaí / Fáilteoir Uainíochta***
Sinéad Leahy

## PREAS AGUS CUMARSÁID
***Oifigeach Preasa & Cumarsáide***
Valerie Keogh
***Cúntóir Preasa & Cumarsáide***
Emma Pearson

## RIARACHÁN
***Ceannasaí Riaracháin***
Gerry D'Arcy

## AIRGEADAS
***Oifigeach Airgeadais***
Vivienne Lynch
***Oifigeach Airgeadais Cúnta***
Kate Brown
***Cúntóirí Airgeadais***
Elaine Kistnen
Melanie Murtagh
***Cúntóir Párolla / Riarthóir Cuntas***
Orla Burrell

## TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE
***oifigeach Soláthair & Teicneolaíocht Faisnéise***
Niamh Gogan
***Comhairleoir Teicneolaíocht Faisnéise***
Stephen Henihan

## ACMHAINNÍ DAONNA
***Bainisteoir Acmhainní Daonna***
Mary Crowe

***Oifigeach Acmhainní Daonna***
Susan Begg
***Riarthóir Acmhainní Daonna***
Caroline Fahey
***Riarthóir / CP Acmhainní Daonna***
*Siobhan Byrne*
**Oifig Fáiltithe**
***Fáilteoir***
Marianne Vicidomina
***Fáilteoir Uainíochta (páirtaimseartha)***
Sinead Leahy

## CEARTA & MACASAMHLA

***Oifigeach Ceart & Macasamhla***
Marie McFeely
***Cúntóir Ceart & Macasamhla***
Louise Morgan

## FOIRGNIMH & SLÁNDÁIL

***Oifigeach Foirgnimh & Slándála***
Christiaan Clotworthy
***Oifigeach Saoráidí Cúnta***
Tadhg Condon
***Bainisteoir Oibríochtaí***
Ray Stewart
***Oifigeach Slándála Cúnta***
Tony Walsh

## FOIREANN FREASTALAITHE

***Freastalaithe Sinsir***
David Fox
Paul Irwin
Michael O'Brien
Mary Saunders
***Freastalaithe***
Pat Ainsworth
Martin Cahalan
John Campbell
John Corcoran
Colm Croke
Paul Doyle
Sarah Fagan
Dermot Goulding
Edward Hayes
Martin Irwin
Peter Judge
James Kavanagh
Stephen Keating
Pat Keenan
Redmond Lyons
Richard Macken
John McDonnell
Joseph McEneaney
Thomas Murphy
Ken Nicoletti
Patrick Nilan
Kenneth O'Brien
Bernard O'Reilly
Derek Prior
Anthony Quilty
Peter Rooney
Paul Scally
John Shaw
Tina Shone
Wayne Sugg
Joseph Tierney
Bill Vernor
Thomas Whelan

***Freastalaithe Seirbhíse & Glantóirí***
Alice Cadwell
Frances Donnelly
Richard Dudley
Marion Sherwin
***Cothabháil***
Michael Carberry
Kevin Ireland

## SIOPA LEABHAR

***Bainisteoir an tSiopa Leabhar***
Lydia Furlong
***Maoirseoir Gníomhach an tSiopa Leabhar***
Ciara Houlihan
***Pearsa Stórais an tSiopa Leabhar***
David Dardis
***Cúntóirí an tSiopa Leabhar***
Lucy Kearney
Susan Redmond
David Comiskey *(páirtaimseartha)*
Sarah Smythe *(páirtaimseartha)*
Julie Tyrell *(páirtaimseartha)*

## CAIRDE GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

***Riarthóir***
Maureen Beary Ryan
***Cúntóir Riaracháin***
**Joan Kavanagh**

## PÁTRÚIN DE CHUID EALAÍN NA HÉIREANN

Iarla Bhéal Mór
Mary Bowe
Stuart Cole
Mary Coman
An Dr John G. Cooney
Bíocunta John Corry
Brian Coyle
An Bantiarna Sheelagh Davis-Gogh
Mary Davoren
Aline Finnegan
Maire & Maurice Foley
John Gerraghty
Margaret Glynn
Arlene Hogan
Dr Mary Joyce-Leader
Adrian Masterson
Eoin McGonigal
Michael Maughan
Denise Meade
Carmel Naughton
Fergus O'Hagan
James O'Halloran
Lochlann Quinn
Ann Reihill
Ken Rohan
Randall & Nuala Tierney

## COMHALTAÍ CORPARÁIDEACHA

Ailtirí Cantrall & Crowley
CRH plc
Glen Dimplex
Hibernia Computer Services
The Irish Times
Mercer Human Resource Consulting
Aturnaetha O'Donnell Sweeney
Watson Wyatt Partners
Whyte's

# Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
# Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2011

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Éilíonn Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 ar Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí cuntais a ullmhú i ndáil le gach bliain airgeadais i cibé foirm a shainíonn an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltactha. In ullmhú na gcuntas sin, éilítear ar Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí de Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin sa chás gur míchuí a thoimhdiú go leanfaidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann i mbun gnó;
- A shonrú cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme faoi réir aon imeachtaí ábhartha a bheidh nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina dtaifeadtar ioncam agus caiteachas uile an Ghailearaí agus maoin, sócmhainní agus dliteanais an Ghailearaí. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh de láimh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**An Dr Olive Braiden**
Cathaoirleach

Dáta: 13 Nollaig 2012

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí, aithním ár bhfreagracht a chinntiú go bhfeidhmítear agus go gcothaítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha coiscthe nó go mbraithfí iad in am tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtaí is atá sé.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na céimeanna seo glactha de láimh ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú:

- Táthar tar éis freagrachtaí airgeadais a shannadh ar leibhéal bainistíochta le suntasacht chomhfhreagrach
- Táthar tar éis socruithe tuairiscithe a bhunú ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta
- Táthar tar éis nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- Tá coiste iniúchta ann chun comhairle a sholáthar i ndáil le freagrachtaí an Bhoird a chomhlíonadh maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Tá creat de chuid nósanna imeachta riarachán agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm freisin lena n-airítear leithscaradh na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Go háirithe:

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil á choimeád faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí
- Tá athbhreithnithe rialta de chuid an lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Ghailearaí
- Tá córais i bhfeidhm atá dírithe ar shláine na gcóras TFC a chinntiú
- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail iomchuí i bhfeidhm.

Trí mheán na bpróiseas leagtha amach anseo thuas, dearbhaím go bhfuil Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí sásta le héifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha atá i bhfeidhm maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2011, bunaithe ar athbhreithniú curtha i gcrích ag an Iniúchóir Inmheánach ar 20 Márta 2012.

**An Dr Olive Braiden**
Cathaoirleach

Dáta: 13 Nollaig 2012

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chomhdhlúite

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

| | Note | Cistí Neamhshrianta € | Cistí Srianta € | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam:** | | | | | |
| Ranníocaíocht Státchiste | **1** | 7,168,380 | 2,041,000 | 9,209,380 | 9,825,540 |
| Ioncam Deontas | | 1,045,393 | - | 1,045,393 | 360,260 |
| Ioncam Taispeántas | | 59,660 | - | 59,660 | 109,969 |
| Ioncam Oideachais | **2** | 49,701 | - | 49,701 | 99,514 |
| Dleachtanna | | 298,946 | - | 298,946 | 245,793 |
| Ioncam Urraíochta | **3** | - | 339,659 | 339,659 | - |
| Ioncam Ilghnéitheach | **4** | 63,237 | 65,706 | 128,943 | 186,788 |
| Glanioncam/(Caillteanas) ó Chairde GNÉ | **5** | - | 10,054 | 10,054 | 10,914 |
| Glanioncam ón Siopa Leabhar | **6** | 177,111 | - | 177,111 | 148,982 |
| Gnóthachan/ (Caillteanas) ar Dhiúscairtí Infheistíochta | **11** | (43,955) | (54,328) | (98,283) | (525,394) |
| **Ioncam Iomlán:** | | **8,818,473** | **2,402,091** | **11,220,564** | **10,462,366** |
| | | | | | |
| **Caiteachas:** | | | | | |
| Costais Foirne | **7** | 5,049,819 | 82,909 | 5,132,728 | 5,541,180 |
| Costais um Shlándáil Oíche | | 396,036 | - | 396,036 | 430,113 |
| Léachtaí & Turais | | 102,657 | - | 102,657 | 103,268 |
| Fógraíocht | | 28,694 | - | 28,694 | 132,802 |
| Costais Postais & Teileachumarsáide | | 132,506 | - | 132,506 | 149,960 |
| Soláthairtí & Cothabháil TFC | | 234,400 | 33,407 | 267,807 | 220,856 |
| Costais Áitribh | | 658,975 | 24,235 | 683,210 | 673,863 |
| Táillí Comhairleachta/Gairmiúla | | 372,442 | 52,431 | 424,873 | 236,898 |
| Dímheas | | 268,060 | - | 268,060 | 278,555 |
| Soláthairtí Caomhnaithe | | - | 40,957 | 40,957 | 49,910 |
| Costais Theagmhasacha | **8** | 310,171 | 7,283 | 317,454 | 497,210 |
| Ceannach Sócmhainní Oidreachta | **10** | - | 656,780 | 656,780 | 1,065,754 |
| Caiteachas Tionscadail um Sciathán na Mílaoise | | - | - | - | 92,241 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **7,553,760** | **898,002** | **8,451,762** | **9,472,610** |
| | | | | | |
| Ollaistriú idir Chistí | | - | - | - | - |
| | | | | | |
| **Farasbarr Glan don bhliain** | | **1,264,713** | **1,504,089** | **2,768,802** | **989,756** |

# Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

| | Note | Cistí Neamhshrianta € | Cistí Srianta € | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Farasbarr Glan don bhliain** | | 1,264,713 | 1,504,089 | 2,768,802 | 989,756 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Athluachála Neamhréadaithe ar Infheistíochtaí | **11** | (47,030) | 34,081 | (12,949) | 352,142 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Neamhréadaithe in Aistriú Airgeadra Eachtraigh | | - | 775 | 775 | (9,494) |
| Sócmhainní Seasta mar iad aistrithe/nár caipitlíodh roimhe seo | **9** | 221,431 | - | 221,431 | 873,556 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Athluachála Neamhréadaithe ar Mhaoin | **9** | - | (650,000) | (650,000) | (350,000) |
| **Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána don bhliain** | | 1,439,114 | 888,945 | 2,328,059 | 1,855,960 |
| **Iarmhéideanna Tosaigh ar 1 Eanáir** | | 7,712,402 | 8,353,561 | 16,065,963 | 14,210,003 |
| Iarmhéideanna Deiridh ar 31 Nollaig | | **9,151,516** | **9,242,506** | **18,394,022** | **16,065,963** |

Comhdhéanann ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 20 cuid de na cuntais seo.

**An Dr Olive Braiden**
Cathaoirleach

Dáta: 13 Nollaig 2012

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

amhail ag 31 Nollaig 2011

| | Note | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | **9** | 4,388,079 | 5,009,346 |
| **Sócmhainní Infheistíochta** | | | |
| Infheistíochtaí Luaite | **11** | 2,318,820 | 2,744,193 |
| **Sócmhainní Reatha:** | | | |
| Stoc | | 261,848 | 331,759 |
| Cuntas Státchiste | **12** | 1,232,600 | 1,289,220 |
| Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí | **13** | 216,239 | 45,930 |
| Banc | | 10,139,889 | 6,836,153 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | 11,850,576 | 8,503,062 |
| **Dliteanais Reatha:** | | | |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | **14** | 163,453 | 190,638 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | 163,453 | 190,638 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 11,687,123 | 8,312,424 |
| **Iomlán na nGlansócmhainní** | | 18,394,022 | 16,065,963 |
| **Ionadaithe Ag:** | | | |
| Cúlchistí Neamhshrianta | | 9,151,516 | 7,712,402 |
| Cúlchistí Srianta | | 9,242,506 | 8,353,561 |
| **Iomlán na gCúlchistí** | | 18,394,022 | 16,065,963 |

Comhdhéanann ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 20 cuid de na cuntais seo.

**An Dr Olive Braiden**
Cathaoirleach

Dáta: 13 Nollaig 2012

# Ráiteas Sreabhadh Airgid Tirim

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Réiteach an Fharasbairr Ghlan chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Farasbarr Glan don bhliain | 2,768,802 | 989,756 |
| Dímheas | 271,182 | 281,676 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Infheistíochtaí | 98,283 | 525,394 |
| Gnóthachan Neamhréadaithe ar Aistriú Airgead Eachtraigh | 775 | (9,494) |
| (Méadú)/Laghdú i Stoc | 69,911 | 68,410 |
| (Méadú)/ Laghdú sa Chuntas Státchiste | 56,620 | (1,243,540) |
| (Méadú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí | (170,310) | 160,440 |
| Méadú/(Laghdú) i gCreidiúnaithe & Fabhruithe | (27,185) | (184,963) |
| Glan-Insreabhadh Airgid Tirim ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta don bhliain | 3,068,078 | 587,679 |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | |
| Glan-Insreabhadh Airgid Tirim ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta | 3,068,078 | 587,679 |
| Caiteachas ar Shócmhainní Seasta Inláimhsithe | (78,483) | (253,601) |
| Caiteachas ar Infheistíochtaí Luaite | (62,205) | (323,485) |
| Diúscairt Infheistíochtaí Luaite | 376,346 | 960,065 |
| Glan Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid don bhliain | 3,303,736 | 970,658 |
| **Réiteach an Ghlan-Insreafa Airgid go gluaiseacht in iarmhéideanna bainc** | | |
| Iarmhéideanna Bainc ar 1 Eanáir | 6,836,153 | 5,865,495 |
| Iarmhéideanna Bainc ar 31 Nollaig | 10,139,889 | 6,836,153 |
| Gluaiseacht in Iarmhéideanna Bainc i rith na bliana | 3,303,736 | 970,658 |

# Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta

Tá formáid na ráiteas airgeadais seo faofa ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus cuimsítear iontu Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta, Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chomhdhlúite, Clár Comhardaithe Comhdhlúite agus nótaí gaolmhara. Is éard atá sna ráitis airgeadais seo ná comhdhlúthú de ghníomhaíochtaí uile Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (Gailearaí) agus cuimsíonn siad:-

| | |
|---|---|
| **Vóta an Ghailearaí Náisiúnta** | Léiríonn sé seo an t-airgead arna vótáil ag an Dáil le haghaidh tuarastal agus caiteachais, lena n-áirítear Deontas i gCabhair. |
| **Cuntas na dTaispeántas** | Taifeadann an cuntas seo ioncam agus caiteachas i ndáil le Taispeántais. |
| **Ciste Scoláireachta John Barry/ Petronella Brown** | Bunaíodh an ciste seo i 1988 d'fhonn Scoláireacht a mhaoiniú chun taighde oideachais a chur chun cinn agus a spreagadh. |
| **Cuntas na dTabhartas** | Taifeadann an cuntas seo gach idirbheart a bhaineann le hairgead bronnta ar an nGailearaí lena n-áirítear urraíochtaí, gníomhaíochtaí oideachais, ioncam ó cheadúnas bialainne agus fruiliú shaoráidí an Ghailearaí. |
| **Ciste Comhaltachta** | Bunaíodh an ciste seo trí ghníomhas i 1986 (agus leasaíodh é in 2005) chun ioncam a ghiniúint chun Comhaltachtaí a sholáthar i réimsí dála taighde, caomhnú, péintéireacht, dealbhóireacht agus cuspóirí acadúla eile. |
| **Siopa an Ghailearaí Náisiúnta** | Is mar chuid de Roinn Foilseachán agus Miondíola an Ghailearaí atá an siopa leabhar ag trádáil, a bunaíodh ar dtús faoi scáth Iontaobhas Magawley Banon. |
| **Ciste Lane** | Bunaíodh an Ciste seo i 1918 tráth ar uachtaigh an Tiarna Hugh Lane cuid dá eastát do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann go sonrach chun pictiúir Éireannacha a shealbhú. |
| **Ciste Shaw** | Bunaíodh an ciste seo i 1950 tráth ar cailleadh George Bernard Shaw a d'uachtaigh trian d'ioncam iarmharach a eastáit do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, ioncam a bhí le caitheamh de rogha Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí. |
| **Ciste um Sciathán na Mílaoise** | Bunaíodh an ciste seo chun taifeadadh a dhéanamh ar thabhartais ó thabharthóirí príobháideacha chun Sciathán na Mílaoise de chuid an Ghailearaí a thógáil agus an caiteachas gaolmhar a íoc. |
| **Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann*** | Bunaíodh an chuideachta seo, atá faoi theorainn ráthaíochta, i 1986 le tacú le gníomhaíochtaí an Ghailearaí trí bhallraíocht a earcú, meas ar phéintéireacht, dealbhóireacht agus ailtireacht a spreagadh. |
| **Ciste na Breataine don Ghailearaí Náisiúnta*** | Is carthanas cláraithe sa Ríocht Aontaithe atá sa chuideachta seo, atá faoi theorainn ráthaíochta, agus a bunaíodh chun cistí a bhailiú do Thógáil Sciatháin na Mílaoise, agus tá airgead ón gCiste seo curtha ar fáil freisin chun pictiúir ó áit agus ó thréimhse áirithe a shealbhú. |
| **Comhairle Dargan** | Bunaíodh Comhairle Dargan in 2005 chun cistí a bhailiú chun mórshaothair ealaíne a cheannach a rachaidh chun tairbhe Bhailiúchán an Ghailearaí. |

*Is aonáin dlíthiúla iad seo, ar leith ón nGailearaí, faoi theorainn ráthaíochta.

# Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

## BUNÚS ULLMHÚCHÁIN

Seachas mar a sonraítear anseo thíos, ullmhaítear na ráitis airgeadais seo i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil arna leasú ag athluacháil talún agus foirgneamh, agus cloíonn siad le caighdeáin tuairiscithe airgeadais um Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Táthar tar éis na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndéileáil le míreanna a nglactar leo mar nithe ábhartha i ndáil leis na ráitis airgeadais.

## AITHEANTAS IONCAIM

Déantar cuntas ar an ioncam ar fad ar bhonn fáltas airgid seachas díolacháin chreidmheasa arna sonrasc sa Siopa Leabhar, i gCuntas na dTabhartas agus i gCuntas na dTaispeántas.

## AITHEANTAS CAITEACHAIS

Aithnítear caiteachas arna mhaoiniú ó Dheontas an Oireachtais nuair a dhéantar íocaíocht. Aithnítear caiteachas eile ar fad sa tréimhse lena mbaineann sé agus cuirtear aon chaiteachas dá leithéid atá tabhaithe ach neamhíoctha ar dháta an chláir chomhardaithe san áireamh *i gCreidiúnaithe & Fabhruithe*.

## FORMÁID DO CHARTHANACHTAÍ

Is carthanacht chláraithe é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. I gcomhréir leis an gcleachtas molta do charthanachtaí, táthar tar éis cúlchistí an Ghailearaí a leithscaradh chun a leibhéal infhaighteachta a léiriú do Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí mar seo a leanas:

*Cúlchistí Srianta*: Féadfaidh an Gailearaí na cúlchistí seo a chaitheamh chun na críocha sainiúla a fuarthas iad ina leith amháin.

*Cúlchistí Neamhshrianta*: Tá na cúlchistí seo ar fáil don Ghailearaí chun críocha ginearálta an Ghailearaí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht faoina mbunaítear é.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas nó luacháil, lúide dímheas carntha. Déantar muirear an dímheasa a ríomh d'fhonn an bunchostas nó bunluacháil, lúide luach measta iarmharach thar a gcuid saoil úsáideacha ionchais mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Talamh & Foirgnimh | - | Nialas |
| Troscán & Feistis | - | 10% de réir méid chothroim |
| Trealamh ríomhairí & Mótarfheithiclí | - | 20% de réir méid chothroim |

Déantar foirgnimh faoi úinéireacht Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a athluacháil ar bhonn bliantúil d'fhonn a luach margaidh reatha a léiriú. Aithnítear na hathluachálacha iarmhartacha sa *Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána.*

Ainneoin gurb iondúil go n-éilíonn an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais le haghaidh Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (FRS 15) dímheas córasach bliantúil foirgneamh, creideann Bord na nGobharnóirí & na gCaomhnóirí go bhfuil an polasaí gan soláthar a dhéanamh do dhímheas ar fhoirgnimh oiriúnach. Tugann polasaí d'athluacháil bhliantúil foirgneamh léargas níos beaichte ar a luach don Ghailearaí mar go bhfuil polasaí agus cleachtas ag an nGailearaí cothabháil agus deisiú rialta a dhéanamh ionas go mbeidh na foirgnimh a gcoimeád ag an gcaighdeán feidhmíochta measta roimhe seo agus go mbeidh na luachanna measta iarmharacha ábhartha.

### SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA

Ní dhéantar luacháil ar shócmhainní a fhaigheann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann trí cheannach, deontas, faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó trí mheán iasachta fadtéarmaí a luacháil mar shócmhainní sna ráitis airgeadais seo. Tá saintréithe uathúla ag Sócmhainní Oidhreachta an Ghailearaí a thugann le tuiscint go bhfuil siad doshannta, do-athsholáthraithe, agus leochaileach. Dá réir sin tá sé beartaithe ag Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí nach bhfuil cuspóir úsáideach ar bith lena chuid Sócmhainní Oidhreachta a chaipitliú sna ráitis seo.  Mar thoradh ar an gcinneadh sin, ní chloíonn na ráitis airgeadais seo leis na riachtanais um Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 30 *Sócmhainní Oidhreachta* eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta (FRS 30).

Aithnítear an caiteachas uile ar Shócmhainní Oidhreachta a ghnóthú agus caiteachas ar chaomhnú agus ar bhainistiú na sócmhainní seo sa *Chuntas Ioncaim agus Caiteachais* nuair atá siad tabhaithe/íoctha.

Féadfar a thuilleadh faisnéise ar nádúr agus scála de bhailiúchán an Ghailearaí a fháil ag Nóta 10.

### SÓCMHAINNÍ SEASTA AIRGEADAIS

Sonraítear infheistíochtaí luaite ag luach margaidh reatha.  Aithnítear gnóthachain nó caillteanais réadaithe ar dhiúscairt infheistíochtaí sa *Chuntas Ioncaim agus Caiteachais* i dtréimhse na diúscartha. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí sa *Chuntas Ioncaim agus Caiteachais* freisin sa bhliain ina bhfaightear é. Aithnítear athruithe i luach margaidh infheistíochtaí sa *Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána*.

### STOIC

Áirítear i stoic earraí atá le hathdhíol i siopa leabhar an Ghailearaí agus déantar iad a luacháil ag luach níos ísle ná costas agus glanluach inréadaithe.  Déantar foráil iomlán le haghaidh míreanna seanchaite agus mallghluaisteacha.

### AIRGEADRA COIGRÍCHE

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadra coigríche ag na rátaí malairte i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe. Aithnítear na difríochtaí aistrithe iarmhartacha sa *Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána*. Aistrítear idirbhearta i rith na bliana, atá ainmnithe in airgeadra coigríche, ag na rátaí malairte i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt.   Déantar cuntas de na difríochtaí malairte iarmhartacha sa *Chuntas Ioncaim agus Caiteachais*.

### PINSIN

Tá an dliteanas a bhaineann le pinsin sochair shainithe iníoctha le státseirbhísigh bhunaithe agus fostaithe stáit neamhbhunaithe sa Ghailearaí glactha ag an Aire Airgeadais. Déantar gach ranníocaíocht pinsin asbhainte ó fhostaithe a aisíoc leis an Státchiste.

# Nótaí leis na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

## 1. Ranníocaíocht Státchiste

| | Cistí Neamhshrianta € | Cistí Srianta € | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Ranníocaíocht chuig Costais oibríochta | 7,168,380 | - | 7,168,380 | 7,784,540 |
| Ranníocaíocht um Shealbhuithe, Athchóiriú agus Caomhnú | - | 2,000,000 | 2,000,000 | 2,000,000 |
| Ranníocaíocht chuig Comhaltacht na nÍosánach | - | 41,000 | 41,000 | 41,000 |
| | 7,168,380 | 2,041,000 | 9,209,380 | 9,825,540 |

## 2. Ioncam Oideachais

Gintear an t-ioncam seo ó theagascóireacht agus ó thurais treoraithe oideachais a sholáthar.

## 3. Ioncam Urraíochta

| | Cistí Neamhshrianta € | Cistí Srianta € | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| *Urraíocht tráchtála um chaomhnú Maclise* | - | 175,670 | 175,670 | - |
| Tionscadal Taighde Leabharlainne maoinithe ag an AE | - | 121,549 | 121,549 | - |
| Urraíocht oideachais | - | 42,440 | 42,440 | - |
| | - | 339,659 | 339,659 | - |

## 4. Ioncam Ilghnéitheach

| | Cistí Neamhshrianta € | Cistí Srianta € | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Ús Bainc | 55,167 | 41,669 | 96,836 | 114,240 |
| Díbhinní | 7,737 | 24,013 | 31,750 | 72,548 |
| Eile | 333 | 24 | 357 | - |
| | 63,237 | 65,706 | 128,943 | 186,788 |

## 5. Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

| | Cistí Neamhshrianta € | Cistí Srianta € | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam | - | 135,802 | 135,802 | 139,755 |
| Costais Oibríochta | - | 125,748 | 125,748 | 128,841 |
| Farasbarr/(Easnamh) | - | 10,054 | 10,054 | 10,914 |

# Nótaí leis na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 (ar lean)

## 6. Siopa Leabhar

| | Cistí Neamhshrianta € | Cistí Srianta € | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Díolacháin / Ioncam Eile | 1,024,640 | - | 1,024,640 | 1,070,940 |
| Costais díolachán | 547,889 | - | 547,889 | 594,276 |
| | 476,751 | - | 476,751 | 476,664 |
| Costais Oibríochta | 299,640 | - | 299,640 | 327,682 |
| Brabús Glan | 177,111 | - | 177,111 | 148,982 |

## 7. Costais Foirne

| | Cistí Neamhshrianta € | Cistí Srianta € | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Cuimsíonn na costais foirne: | | | | |
| Pánna agus tuarastail | 4,858,234 | 73,418 | 4,931,652 | 5,302,197 |
| Costais phárolla | 427,835 | 4,764 | 432,599 | 456,559 |
| Costais Taistil | 44,388 | 4,727 | 49,115 | 75,573 |
| | 5,330,457 | 82,909 | 5,413,366 | 5,834,329 |
| Lúide Tobhach Pinsin | (280,638) | - | (280,638) | (293,149) |
| | 5,049,819 | 82,909 | 5,132,728 | 5,541,180 |
| Costais Foirne rangaithe in áiteanna eile (Nóta 5 & 6) | | | | |
| Siopa Leabhar | 237,509 | - | 237,509 | 233,489 |
| Cairde GNÉ | - | 93,640 | 93,640 | 92,199 |
| Costais Phárolla | 22,586 | 9,600 | 32,186 | 31,724 |
| Costais Phinsean | 8,526 | 4,081 | 12,607 | 12,575 |
| Costais Taistil | 2,791 | 58 | 2,849 | 1,721 |
| | 271,412 | 107,379 | 378,791 | 371,708 |
| **Iomlán na gCostas Foirne** | **5,321,231** | **190,288** | **5,511,519** | **5,912,888** |

**Líon na bhfostaithe**
An líon daoine fostaithe (lena n-áirítear stiúrthóirí feidhmiúcháin) ag 31 Nollaig 2011:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Foireann oifige | 64 | 67 |
| Freastalaithe | 47 | 61 |
| | 111 | 128 |

B'ionann tuarastal Stiúrthóir an Ghailearaí don bhliain 2011 agus €105,065. Sa bhreis air sin fuair sé costais taistil agus cothabhála de chuid €15,339 don bhliain. De bhun a théarmaí fostaíochta cuirtear úsáid ghluaisteáin ar fáil dó freisin.

# Nótaí leis na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 (ar lean)

## 8. Costais Theagmhasacha

| | Cistí Neamhshrianta € | Cistí Srianta € | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Costais Éagsúla | 66,493 | 6,748 | 73,241 | 62,846 |
| Táillí & Costais an Bhoird | 56,285 | - | 56,285 | 35,128 |
| Árachas | 43,961 | - | 43,961 | 47,786 |
| Carraeireacht na bPictiúr | 40,572 | - | 40,572 | 178,965 |
| Costais Taispeántas | - | - | - | 65,810 |
| Éide | 26,235 | - | 26,235 | 10,355 |
| Oiliúint | 20,756 | - | 20,756 | 24,201 |
| Costais Láimhseála Ealaíne | 13,552 | - | 13,552 | - |
| Costais Oideachais | 13,456 | - | 13,456 | 19,474 |
| Sintiúis | 9,348 | - | 9,348 | 25,661 |
| Táillí Cearta & Atáirgthe | 8,143 | 314 | 8,457 | 6,365 |
| Cúiréireacht & Tacsaithe | 5,465 | - | 5,465 | 5,424 |
| Foilseacháin | 5,905 | 221 | 6,126 | 15,195 |
| | 310,171 | 7,283 | **317,454** | **497,210** |

# Nótaí leis na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 (ar lean)

## 9. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

**Costas/Luacháil**

| | Talamh agus Foirgnimh € | Trealamh Oifige agus Mótarfheithiclí € | Troscán agus Feistis € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Ag 1 Eanáir 2011** | 4,150,000 | 2,559,371 | 1,485,003 | 8,194,374 |
| Breiseanna | - | 15,105 | 284,809 | 299,914 |
| **Ag 31 Nollaig 2011** | 4,150,000 | 2,574,476 | 1,769,812 | 8,494,288 |
| Athluacháil/Coigeartú | (650,000) | - | - | (650,000) |
| **Ag 31 Nollaig 2011** | 3,500,000 | 2,574,476 | 1,769,812 | 7,844,288 |

| **Dímheas** | Land and Buildings € | Office Equipment and Motor Vehicles € | Furniture and Fittings € | Total € |
|---|---|---|---|---|
| **Ag 1 Eanáir 2011** | - | 2,170,620 | 1,014,407 | 3,185,027 |
| Muirear don bhliain | - | 136,417 | 134,765 | 271,182 |
| **At 31 Nollaig 2011** | - | 2,307,037 | 1,149,172 | 3,456,209 |
| **Glanluach Leabhair** | | | | |
| **At 31 Nollaig 2011** | **3,500,000** | **267,439** | **620,640** | **4,388,079** |
| **At 31 Nollaig 2010** | **4,150,000** | **388,852** | **470,494** | **5,009,346** |

| **Muirear dímheasa** | Unrestricted Funds € | Restricted Funds € | 2011 Total € | 2010 Total € |
|---|---|---|---|---|
| Gearrtha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Chomhdhlúite: | 268,060 | - | 268,060 | 278,555 |
| Gearrtha in áiteanna eile: | | | | |
| Siopa Leabhar | 3,078 | - | 3,078 | 3,077 |
| Cairde | - | 44 | 44 | 44 |
| **Iomlán** | **271,138** | **44** | **271,182** | **281,676** |

Áiríonn na breiseanna anseo thuas Sócmhainní Seasta arna maoiniú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta, agus iad aistrithe chuig an nGailearaí i méid cothrom le €221,431.

Chuir Suirbhéirí Cairte cáilithe de luachálaithe neamhspleácha Douglas Newman Good athluacháil na talún agus na bhfoirgneamh i gcrích. Newman Good. Rinneadh na sócmhainní a athluacháil ar bhonn aonair ar 31 Nollaig 2011 ag luach margaidh comhiomlán de €3,500,000 Tá siad bunaithe ar an sainmhíniú de Luach Margaidh mar a shainmhínítear é sa lámhleabhar caighdeáin breithmheasa agus Luachála de chuid Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte ar bhonn Úsáide Reatha. Cuireadh an luacháil i gcrích ar 23 Bealtaine 2012.

# Nótaí leis na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 (ar lean)

**10. Sócmhainní Oidhreachta**

Is é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann príomhinstitiúid chultúrtha náisiúnta na hÉireann atá tiomanta do bhailiú agus cúram na n-mínealaíne ina gcuimsítear 15,000 pictiúr, líníocht, uiscedhath, mionphictiúr, prionta, dealbh agus objèts d'art, agus os cionn 100,000 imleabhar sa Leabharlann Mhínealaíne. Cuimsithe i ngabháltas fairsing na hinstitiúide tá sárshaothair formhór na bpearsana is mó ceiliúrtha i stair ealaíne iarthar na hEorpa. Ina theannta sin, tá an bailiúchán is ionadaíche d'Ealaín stairiúil na hÉireann ar fáil sa Ghailearaí freisin. Maoinithe ag an Stát, tá rochtain saor in aisce ag an bpobal ar an nGailearaí 361 lá in aghaidh na bliana.

Is é Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí de chuid an Ghailearaí a faomhann na sealbhuithe uile, seachas míreanna Leabharlainne agus Cartlainne a d'fhéadfadh an Stiúrthóir nó an Leabharlannaí a fhaomhadh. Déantar athbhreithniú tréimhsiúil ar Bheartas Sealbhuithe an Ghailearaí.

Tá tuairim agus 200 pictiúr, nó 7.5% den bhailiúchán pictiúr ar taispeáint go poiblí faoi láthair agus tá 272 díobh ar iasacht in áiteanna eile. Tá taispeántais athraithe de shaothair ar pháipéar ann chomh maith óna bhfuil míreanna ón mbailiúchán priontaí, líníochtaí agus uiscedhathanna ar fáil le féachaint orthu ar iarraidh. Tá tuairim agus 75% de ghailearaithe dúnta faoi láthair le haghaidh athchóirithe suntasach.

Tá cosc ar Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí aon Sócmhainní Oidhreachta a dhiúscairt.

# Nótaí leis na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 (ar lean)

## 11. Infheistíochtaí Luaite

| | 2011 Iomlán € | 2010 Iomlán € |
|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | | |
| **Ag 1 Eanáir ar Luach Margaidh** | 2,744,193 | 3,554,025 |
| Breiseanna ag costas | 62,205 | 323,485 |
| Diúscairtí ag luach margaidh | (376,346) | (960,065) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) réadaithe ar Dhiúscairt | (98,283) | (525,394) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) neamhréadaithe ar athluacháil | (12,949) | 352,142 |
| **Ag 31 Nollaig ar Luach Margaidh** | **2,318,820** | **2,744,193** |

Tá Cistí an Ghailearaí á mbainistiú ag Davy Stockbrokers agus Goodbody Stockbrokers. Tá Polasaí Infheistíochta an Ghailearaí faofa ag Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí agus é athbhreithnithe go rialta.

## 12. Cuntas Státchiste

Is ionann an méid seo agus an méid atá ag dul do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ón Státchiste ag deireadh na bliana.

## 13. Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí

| | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 92,521 | 15,384 |
| Féichiúnaithe eile | 82,299 | 2,234 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 41,419 | 28,312 |
| | 216,239 | 45,930 |

## 14. Creidiúnaithe & Fabhruithe

| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála | 58,176 | 96,586 |
| Cáin Bhreisluacha & ÍMAT/ÁSPC | 73,953 | 4,525 |
| Creidiúnaithe eile | 14,780 | 37,912 |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 16,544 | 51,615 |
| | **163,453** | **190,638** |

# Nótaí leis na Cuntais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 (ar lean)

### 15. Tinreamh agus Táillí na gComhaltaí Boird do 2011

| Comhalta Boird | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu/ Cruinnithe Incháilithe le haghaidh Freastail | Táillí Boird Íoctha | Costais Íoctha |
|---|---|---|---|
| An Dr. Olive Braiden | **6/6** | €8,198 | - |
| An Dr. Abdul Bulbulia | **6/6** | €7,355 | €3,405 |
| An tUas. Michael Cush | **4/5** | - | - |
| An tUas. Mathew Dempsey | **5/6** | €6,221 | - |
| An tOll. Luke O'Connor Drury | **5/6** | - | - |
| An tUas. Dermod Dwyer | **6/6** | €6,221 | - |
| An tUas. Martin Gale | **5/6** | - | - |
| An tUas. Jackie Gallagher | **5/6** | - | - |
| An tUas. James Hanley | **6/6** | - | - |
| An tUas. Fred Krehbiel | **1/3** | - | - |
| An Dr. Tom McCarthy | **6/6** | €6,221 | - |
| Clare McGrath Uasal | **6/6** | - | - |
| An tUas. Des McMahon | **4/6** | - | - |
| An tUas. Fonsie Mealy | **4/6** | - | - |
| An tUas. John Mulcahy | **6/6** | €6,221 | - |
| An Dr. Paul O'Brien | **5/6** | €6,221 | - |
| Kathleen Watkins Uasal | **5/6** | €6,221 | - |

### 16. Ceangaltais:

Tá Bord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí tar éis ranníocaíocht de €12.5 milliún a chur ar fáil i dtreo costais Mháistirphlean Forbartha an Ghailearaí. Cuimsíonn an clár seo athchóiriú ar sciatháin stairiúla an Ghailearaí lena n-áirítear cúirt dealbhóireachta nua a chruthú ar chostas measta iomlán de €31 milliún.

| | Cistí Neamhshrianta €'million | Cistí Srianta €'million | 2011 Iomlán €'million | 2010 Iomlán €'million |
|---|---|---|---|---|
| Foinse ranníocaíochta an Ghailearaí | 5.00 | 7.50 | 12.50 | 12.50 |

### 17. Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Gailearaí rannpháirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla agus caidreamh tionsclaíocha a d'fhéadfadh dliteanais a thabhú ag brath ar thoradh dá gcuid. Ní féidir méid iomlán nó tráthúlacht na ndliteanas teagmhasach seo a mheas le cinnteacht trath an ama seo agus ní dhócha go sárófar €500,000 ar aon nós.

### 18. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 13 Nollaig 2012.

### 19. Bunreacht

Ba é an tAcht Parlaiminte a bhunaigh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ar 10 Lúnasa 1854. Tá Stádas Carthanachta aige agus tá sé cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim faoi CHY 2345.

### 20. Stádas Na Ráiteas Airgeadais

Is Ráitis Airgeadais neamhiniúchta iad seo. Chun críocha comparáideacha, táthar tar éis ath-anailísiú a dhéanamh ar na figiúirí le haghaidh 2010 chun aird a thabhairt ar fhormáid nua na gcuntas.

# An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Alt 12

**Ráiteas ar Chleachtas Íocaíochta**

1. Dearbhaíonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann go gcloíonn a chuid cleachtas íocaíochta le téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht). Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann tar éis cloí freisin le téarmaí íocaíochta sainiúla cuimsithe i gconarthaí scríofa le soláthraithe.

2. Dearbhaíonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann freisin nach raibh aon íocaíochtaí níos mó ná €317 déanach le tagairt don Acht. B'ionann cion na n-íocaíochtaí déanacha i gcomparáid le hiomlán na n-íocaíochtaí agus nialas

3. Táthar tar éis nósanna imeachta cuntasaíochta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar sonraisc a phróiseáil go tapa agus go héifeachtach agus go gcloíonn siad dá dheasca sin le téarmaí an Achta. In ainneoin na nósanna imeachta seo, d'fhéadfadh cúinsí lasmuigh de smacht an Ghailearaí a bheith mar chúis le méid éigin neamhchomhlíonadh théarmaí an Achta.

4. I gcaitheamh na bliana 2011, níor íocadh aon ús le soláthraithe ar íocaíochtaí déanacha.